

Riachtanais Speisialta Oideachais

i scoileanna ina bhfuil
an Ghaeilge mar mheán

Taighde uile-oileánda ar riachtanais
tacaíochta agus traenála na hearnála

Meitheamh 2010



An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Clár an Ábhair

Achoimre fheidhmeach	1
Moltaí	3
Réamhrá	5
Téarmaí tagartha	5
Plean taighde	5
Modheolaíocht taighde	7
An comhthéacs leagtha amach: fíricí agus figiúirí	8
Cad é réimse na riachtanas speisialta oideachais in earnáil na Gaelscolaíochta?	9
Cad iad na hacmhainní atá ag teastáil agus cé atá in ann iad a sholáthar?	18
Feasacht phoiblí - inniúlacht agus cumas a thógáil chun freastal ar riachtanas	20
Aguisíní	23
1. RSO agus oideachas trí mheán na Gaeilge - bileog threorach, MF 2009, ar infhaighteacht oiliúna, acmhainní, uirlisí measúnaithe agus seirbhísí i gcomhair RSO in oideachas trí mheán na Gaeilge	24
2. Cé hiad? Róil tacaíochta lucht RSO i scoileanna	34
3. Gluais	36
4. Grúpaí/daoine aonair a ndearnadh teagmháil leo	37

Achoimre Fheidhmeach

Faoi láthair tá 50,000+ páiste ag freastal ar oideachas trí mheán na Gaeilge (OMG) ar fud na hÉireann. San áireamh tá páistí atá ag freastal ar naíonraí, ar bhunscoileanna agus ar iarbhunscoileanna sa Ghaeltacht, agus ar Ghaelscoileanna sa Tuaisceart (na sé chontae) agus sa Deisceart. An fhianaise a nglactar léi ar riachtanais speisialta, aithníonn sí go mbeidh deacrachtaí foghlama ag 20% de pháistí ag pointe éigin le linn a gcuid ama ar scoil, ach ceaptar nach ndéanfar measúnú ach ar chéatadán fíorbheag díobh seo mar pháistí a mbeidh riachtanais speisialta oideachais acu.

Is iad na trí chatagóir riachtanas speisialta oideachais is mó a aithnítear sa Ghaeltacht ná; míchumas foghlama ginearálta éadrom, saindeacracht foghlama, agus míchumas foghlama ginearálta teorannach.¹

Is iad na trí riachtanas speisialta oideachais is mó a aithnítear i nGaelscoileanna (bunscoileanna) sa Deisceart ná; disléicse, míchumas ginearálta foghlama éadrom teorannach, agus míchumas ginearálta foghlama éadrom.²

Is iad na trí riachtanas speisialta oideachais is mó a aithnítear i nGaelscoileanna sa Tuaisceart ná; míchumas foghlama ginearálta meánach, míchumas foghlama ginearálta éadrom, agus deacrachtaí iompraíochta sóisialta agus mothúchánacha.³

Ar fud na hearnála a bhaineann le hoideachas trí mheán na Gaeilge (OMG) tá an-neamhchinnteacht ann maidir le cad iad na straitéisí is fóirsteanáí is cóir a leanúint nuair atáthar ag freastal ar pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tá léirithe ag múinteoirí, tuismitheoirí agus seirbhísí gairmiúla tacaíochta go bhfuil eolas agus treoir níos fearr ag teastáil, go háirithe, maidir le riachtanais speisialta oideachais agus an dátheangachas, riachtanais speisialta oideachais agus an tumoideachas agus/nó na forálacha atá riachtanach i gcomhair na riachtanas speisialta oideachais (measúnuithe, tacaíocht, acmhainní), go háirithe nuair is í an Ghaeilge céad teanga an pháiste

Déantar an cinneadh - de réir cúinsí éagsúla - maidir le cad é atá chun leas páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu in oideachas trí mheán na Gaeilge (OMG), mar shampla, comhthéacs an teaghlaigh, forbairt ginearálta an pháiste, agus cad is rogha leis an pháiste féin.

Maidir leis an gcinneadh ar cad é an toradh is fearr don pháiste, áfach, bíonn tionchar ar leith ag breithiúnais éagsúla; an bhfuil an cumas feidhmeach ag an mhúinteoir agus ag an scoil freastal ar riachtanais an pháiste, an bhfuil an cumas gairmiúil agus an mhuinín acu lena dhéanamh, agus an bhfuil teacht acu ar na seirbhísí ábhartha tacaíochta.

Déanfaidh an tuairisc seo iniúchadh ar na riachtanais oiliúna agus tacaíochta atá ag múinteoirí atá ag riar ar pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu in oideachas trí mheán na Gaeilge (OMG).

I roinnt ráiteas cuimsitheach, bunaithe ar shonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla, leagtar amach na riachtanais oiliúna agus tacaíochta atá ag múinteoirí in OMG atá ag freastal ar pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu.

¹ Mac Donnacha, Seosamh: *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004*. Tuarascáil don Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, COGG Bealtaine 2005, Caibidil 3, Ich 31

² Nic Gabhann, *Special Education Needs in Gaelscoileanna*, Master's thesis 2008

³ Ní Chinnéide, D. *The special educational needs of bilingual (Irish - English) children*, Department of Education (NI), September 2009, Section 4.1

Go deimhin, in athbhreithniú ar thuairiscí, ar shuirbhéanna, agus ar chomhairliúcháin a bhaineann le saincheisteanna oiliúna, le RSO agus le OMG, léirítear tátail chomhsheasmhacha maidir le riachtanais agus tosaíochtaí na hearnála.

Níl aon dífeor suntasach sna tosaíochtaí riachtanais a aithníonn múinteoirí mar riachtanais i scoileanna sa Ghaeltacht agus i nGaelscoileanna ó Thuaidh agus ó Dheas. Leagann siad go léir béim ar an ghá le huirlisí ábhartha measúnaithe, le hoiliúint ábhartha, le hacmhainní ábhartha (go háirithe ábhair léitheoireachta ghrádaithe), agus le seirbhísí tacaíochta gairmiúla a bheadh in ann freastal ar riachtanais na hearnála.

Tá forbairt ag teacht ar pholasaithe agus ar straitéisí a fhreastalaíonn ar pháistí le riachtanais speisialta oideachais. Tá méadú ag teacht, freisin, ar an tuiscint atá ag daoine ar an dátheangachas agus ar shealbhú an dara teanga. Tá gá le straitéisí a fhorbairt chun a chinntiú gur féidir le múinteoirí agus leis na seirbhísí tacaíochta bheith i gcónaí feasach ar eolas nua agus ar an dea-chleachtas, agus go bhfaighidh siad an oiliúint is gá chun modhanna nua a chur i bhfeidhm san oideachas trí mheán na Gaeilge, agus chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar na modhanna seo.

Ní hionann na fáthanna sa Tuaisceart agus sa Deisceart go bhfuil easpa forbartha san oiliúint ar riachtanais speisialta oideachais agus san infreastruchtúr tacaíochta atá ann chun freastal ar pháistí le riachtanais speisialta oideachais san oideachas trí mheán na Gaeilge. Tá roinnt tionscnamh dearfach ar bun, áfach, chun iarracht a dhéanamh seo a chur i gceart, ach tá gá le straitéis a bheadh níos comhordaithe agus tá gá le hathrú córasach sna próisis a bhaineann le pleanáil agus cur i bhfeidhm.

Shíl múinteoirí agus páirtithe leasmhara san earnáil gur gníomh fiúntach é eolas a bhailiú faoin oiliúint ábhartha atá ar fáil, maidir le hacmhainní, agus maidir le seirbhísí tacaíochta. Cuireadh an t-ábhar seo ar fáil i mBileog Threorach mar chéad chéim chun an earnáil a thabhairt cothrom le dáta. Tá an Bhileog Threorach seo faoi iamh mar Aguisín 1. Ní mór, áfach, gréasáin eolais agus chumarsáide a fhorbairt agus a chothú i measc na bpáirtithe leasmhara is tábhachtaí san earnáil.

Ba chóir tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chomhroinnt eolais agus ar chur chuige Thuaidh-Theas, agus ba chóir é seo a dhéanamh ar bhonn níos struchtúrtha. Bhí fianaise ann go raibh comhoibriú dlúth éifeachtach Thuaidh-Theas ann i dtionscnaimh áirithe, tionscnaimh a d'eascair ó theagmhálacha agus ó naisc phearsanta. Mar shampla, de thoradh malartú eolais le linn an tionscadail taighde cuireadh an Clár Ard-Tacaíochta Foghlama ar bun. Beidh an clár seo ag feidhmiú i mBaile Átha Cliath agus déanfar é a phíolótú i mBéal Feirste trí mheán na Gaeilge.

D'fhéadfadh an cineál seo cur chuige bheith tairbhiúil d'fhorbairt teisteanna measúnachta do pháistí san oideachas trí mheán na Gaeilge

Mar gheall ar na háiteanna a bhfuil oideachas trí mheán na Gaeilge ar siúl, go háirithe scoileanna beaga faoin tuath, is cóir cúrsaí agus cláir oiliúna a chur ar fáil ar bhealach atá furasta do mhúinteoirí freastal orthu más ea go mbeadh deacracht acu mar gheall ar bhealach fada taistil nó easpa ionadaithe. Bhí cruinniú ann mar chuid den tionscadal taighde seo chun plé a dhéanamh maidir le cúrsa ar líne atá ann cheana in RSO a oiriúnú chun freastal ar riachtanais na hearnála, agus rinneadh comhthionscnamh Thuaidh/Theas a mholadh. Tá breac-chuntas ar shonraí an tionscnaimh sa tuairisc.

Moltaí

Cé go bhféadfaí roinnt moltaí a lua a d'fhreastlódh ar na riachtanais oiliúna agus tacaíochta atá ag múinteoirí in OMG, ní dhéanfaidh an tuairisc seo ach díriú ar dhá phríomhmholadh (féach an léaráid thíos).

MOLADH (1): Forbróidh An Roinn Oideachais agus Scileanna⁴ agus an Roinn Oideachais, i gcomhar a chéile nó faoi seach, infreastruchtúr um riachtanais speisialta oideachais chun freastal ar riachtanais an oideachais trí mheán na Gaeilge.

Nuair a dhéantar anailís ar na riachtanais oiliúna agus tacaíochta RSO atá ag Gaelscoileanna, is léir go bhfuil athrú ag teastáil i ngach cuid den soláthar RSO, ó ábhair oiliúna RSO i gcoláistí oiliúna go dtí an fheasacht phoiblí i measc múinteoirí, tuismitheoirí, gairmithe agus gach duine a bhfuil baint acu le freastal ar pháistí le RSO. Díríonn an taighde atá déanta go dtí seo ar aithint riachtanas, agus tá i bhfad níos lú airde ar na straitéisí nó na próisis trína bhféadfaí athruithe a chur i bhfeidhm.

Tá sé deacair a shamhlú go bhféadfaí tionscnaimh ar na riachtanais oiliúna agus tacaíochta go léir a fhorbairt, a chomhordú, a chomhtháthú agus a chur i bhfeidhm don oideachas trí mheán na Gaeilge gan infreastruchtúr níos foirmeálta chun na forbairtí seo a thabhairt chun tosaigh. Aithnítear an gá seo le comhordú níos fearr sa dréachtstraitéis, **Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030**,⁵ áit a moltar go n-athbhunófaí COGG mar chomhlacht reachtúil agus go leathnófaí a cuid oibre chun go gcuimseodh sí i measc rudaí eile: freagracht as forbairt polasaithe oideachasúla, as forbairt siollabas, agus as forbairt seirbhísí tacaíochta (seirbhísí síoceolaíochta ina measc) don Ghaelscolaíocht.⁶

Moltar gur cheart straitéis uile-Éireann taighde, agus an cleachtas idirnáisiúnta is fearr, a bheith mar bhunús leis an infreastruchtúr chun tacaíocht a thabhairt do RSO san oideachas trí mheán na Gaeilge. Is ó thorthaí an taighde a thiocfadh an t-eolas a bheadh mar bhunús le hábhar oiliúna, polasaí agus cleachtas. Dhéanfaidh seo cuid mhór chun na saincheisteanna a bhaineann le RSO agus oideachas trí mheán na Gaeilge a shoiléiriú. Mhéadódh sé muinín agus feasacht phoiblí i measc múinteoirí, go príomha, ach méadódh sé feasacht chomh maith i measc gairmithe sláinte agus gairmithe tacaíochta oideachais, soláthróirí oiliúna agus tuismitheoirí.

MOLADH (2): Tabharfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Oideachais tacaíocht d'fhorbairt straitéis eolais agus chumarsáide timpeall RSO agus oideachas trí mheán na Gaeilge.

Moltar go dtacóidh an dá Roinn le forbairt straitéis um chomhordú chun tairbhe a bhaint as an saineolas agus as na hacmhainní atá ann cheana sa sainréimse seo, in RSO agus in oideachas trí mheán na Gaeilge, le béim ar leith ar thacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí i scoileanna. Tá dlúthcheangal idir an moladh seo agus Moladh 1 thuas. Bheadh an bhéim sa mholadh seo, áfach, ar fhorbairt a dhéanamh ar na forbairtí agus ar na tionscnaimh nua atá ag teacht chun cinn agus i bhfeidhm cheana ar fud na hÉireann, agus mar sin feabhas a chur ar an saineolas agus na hacmhainní atá ar fáil don earnáil. Ba chóir leas a bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh ó thionscnaimh phraiticiúla agus ó thionscadail phíolótacha, chun sochair don earnáil. Níl aon mhonatóireacht á déanamh ar an eolas seo faoi láthair, ná ní bhailítear é ar bhealach ar bith comhordaithe.


⁴ Ar 23 Márta 2010, athainmníodh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta mar an Roinn Oideachais agus Scileanna.

⁵ An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, Samhain 2009.

⁶ Cuid 6: Réimsí Gnímh, An Córas Oideachais. <http://www.pobail.ie/en/IrishLanguage/index.html>

Is cosúil, ó thorthaí an taighde, gur gá eolas praiticiúil a chur ar fáil don earnáil ar acmhainní atá ann, agus is gá go mbeadh sé furasta teacht orthu.

Féach an léaráid thíos:



Réamhrá

D'fhás an tionscadal seo as taighde ar na Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) atá ag páistí i scoileanna dátheangacha (Gaeilge-Béarla) sa Tuaisceart.⁷ rinne POBAL (an scátheagras do phobal na Gaeilge sa Tuaisceart) é faoi choimisiún ón Roinn Oideachais (TÉ). I gceann de chéad torthaí na tuairisce taighde sin, *The special educational needs of bilingual (Irish-English) children*⁸ cuireadh béim ar an ghá a bhí le tuilleadh taighde maidir leis na riachtanais oideachais agus tacaíochta atá ag múinteoirí atá ag freastal ar pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu san oideachas trí mheán na Gaeilge. Fuair POBAL maoiniú ón Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) chun tionscadal taighde uile-Éireann a dhéanamh ar feadh aon bhliain amháin chun breathnú ar riachtanais oiliúna agus tacaíochta earnáil OMG. Díríonn na téarmaí tagartha ar na riachtanais oiliúna agus tacaíochta atá ag múinteoirí agus ceannairí na scoileanna atá ag freastal ar pháistí le RSO agus atá ag freastal ar oideachas trí mheán na Gaeilge, i.e. na scoileanna, bunscoileanna agus scoileanna Gaeltachta⁹ nó i nGaelscoileanna sa dá dhlíse. Choimisiúnaigh POBAL an taighde in Eanáir 2009 agus rinneadh an taighde faoi choimirce Coiste Comhairliúcháin ar a raibh:

- Seosamh Maclonmhain, Síceolaí Oideachais Sinsearach, an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (Baile Átha Cliath).
- An Dr. Mairéad Uí Dhomhnaill, Roinn an Oideachais Speisialta, Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9.
- Tarlach Mac Giolla Bhríde, Oifigeach Oideachais, Comhairle na Gaelscolaíochta (TÉ).
- Siobhán Ní Dhúill, Príomhoide, Gaelscoil an Bhradáin Feasa (COGG).
- Jill Garland, Coláiste Ollscoile Naomh Muire (TÉ).
- Janet Muller, Príomhfheidhmeannach, POBAL (TÉ)

Téarmaí Tagartha

Ceapadh téarmaí tagartha chun:

- Fiosrú a dhéanamh mar gheall ar an oiliúint, na hacmhainní agus an tacaíocht atá ar fáil agus ábhartha do RSO agus oideachas trí mheán na Gaeilge.
- Na riachtanais oiliúna a aithint atá ag múinteoirí atá ag freastal ar pháistí a bhfuil RSO acu.
- Na riachtanais tacaíochta, feasachta agus cumarsáide a aithint atá ag earnáil OMG maidir le RSO
- Moltaí a dhéanamh maidir le riachtanais na hearnála, go háirithe maidir le hoiliúint agus tacaíocht a chur ar fáil agus eiseamláirí den dea-chleachtas a aithint nuair atá sin indéanta.

Plean Taighde

Pléadh agus aontaíodh an plean taighde agus an mhodheolaíocht ag an chéad Chruinniú den Choiste Comhairliúcháin.¹⁰ Aontaíodh go mbeadh trí chéim sa taighde: (i) an t-eolas a bhailiú ar an soláthar, ar na hacmhainní agus ar na seirbhísí atá ann cheana féin, (ii) an t-eolas seo a scaipeadh ar na scoileanna agus ar pháirtithe leasmhara tábhachtacha eile agus, (iii) tuairisc straitéiseach a scríobh. Tá na príomhghníomhaíochtaí maidir leis an obair seo sa tábla thíos.

Ag an chéad chruinniú den Choiste Comhairliúcháin, áfach, tar éis do chomhaltaí den Choiste labhairt maidir lena saineolas féin, ba léir go raibh moltaí agus tionscnaimh ag teacht chun cinn a bheadh ríthábhachtach, de réir cosúlachta, don taighde seo, go háirithe maidir le soláthar oiliúna a bheadh oiriúnaithe don earnáil. Aontaíodh go ndéanfadh an tOifigeach Taighde teagmháil leis na páirtithe ábhartha le rá go bhféadfaí cuidiú le malartú eolais ar bhonn Thuaidh/Theas. Dá thoradh sin d'eagraigh an tOifigeach Taighde cruinnithe maidir le dhá thionscnamh ar leith. Tá ábhar na gcúrsaí oiliúna seo leagtha amach go mion níos faide anonn sa tuairisc seo.

⁷ Ní Chinnéide, *The special educational needs of bilingual (Irish-English) children*, POBAL don Roinn Oideachais (TÉ), Meán Fómhair 2009

⁸ Ibid. Tá an Roinn Oideachais ag breathnú na tuairisce seo faoi láthair.

⁹ Tá ceantair Ghaeltachta i nGaillimh, i gCiarráí, i gCorcaigh, i bPort Láirge, i gContae na Mí, i Maigh Eo agus i nDún na nGall. Isteach is amach ar 91,862 atá ina gcónaí sna ceantair Ghaeltachta (de réir Dhaonáireamh 2006 i bPoblacht na hÉireann), nó 2.1% den 4,239,848 de dhaonra Phoblacht na hÉireann.

¹⁰ 2 Aibreán 2009, Béal Feirste.

Tábla 1:

Céim	Gníomhaíocht	Toradh	Tráchttaireacht
1	Fiosrú maidir leis an oiliúint, na hacmhainní agus na seirbhísí atá ar fáil faoi láthair maidir le RSO agus maidir leis an oideachas trí mheán na Gaeilge. Athbhreithniú ar an litríocht maidir le riachtanais oiliúna agus tacaíochta atá ag RSO agus ag an oideachas trí mheán na Gaeilge. Bualadh le páirtithe leasmhara tábhachtacha san earnáil.	Bileog Theorach maidir le hinfhaighteacht oiliúna, acmhainní agus seirbhísí; agus na príomhthosaíochtaí sna hábhair seo a aithint.	Aithníodh deacrachtaí a bhaineann le teacht ar eolas ar an oideachas trí mheán na Gaeilge agus ar RSO i réamhagallaimh le páirtithe leasmhara tábhachtacha. Aontaíodh go mbeadh luach le Bileog Theorach don earnáil.
2	An t-eolas a scaipeadh ar scoileanna agus ar pháirtithe leasmhara tábhachtacha eile agus ar chomhlachtaí reachtúla chun deis a thabhairt do na páirtithe leasmhara eolas breise agus/nó samplaí de dhea-chleachtas a thabhairt.	Fuair 660 scoil (naíscoileanna/naíonraí, bunskoileanna agus iar-bhunscoileanna) sa Tuaisceart agus sa Deisceart cóip den Bhileog Theorach dhátheangach agus foirm ghairid le haghaidh suirbhé. Cuireadh cóipeanna den Bhileog Theorach ar aghaidh chuig an Roinn Oideachais agus chuig eagrais thábhachtacha eile.	Glaoch fóin ina dhiaidh sin ar shampla beag scoileanna (le béim ar naíscoileanna/naíonraí). Cuireadh an Bhileog Theorach faoi bhráid Fhóram na bPríomhoidí i mBéal Feirste i Meán Fómhair 2009, agus tugadh eolas faoin Tuairisc do mhúinteoirí agus do Chúntóirí Ranga ag ceardlann ar RSO san oideachas trí mheán na Gaeilge a d'eagraigh Gaelscoileanna i Samhain 2009. Cuireadh cóipeanna chuig rannpháirtithe ina dhiaidh sin.
3	Tuairisc Straitéiseach a ullmhú maidir leis na riachtanais oiliúna agus tacaíochta atá ag an earnáil	Príomh-mholtaí	An bhéim ar chabhrú le machnamh faoi chéimeanna praiticiúla chun tosaigh.

11 General Teaching Council of Northern Ireland, *Review of Teacher Competencies and Continued Professional Development*, 2005, The Conway Report, a study of the continuum of teacher education, commissioned by the Teacher's Council of Ireland, 2009. An evaluation of the provision for special educational needs in Primary Schools 2007/08, Education and Training Directorate, February 2009, *Special Education Needs in the Pre-School Sector*, A survey by the Education Training Inspectorate, 2007, Policy Proposals Consultation Document on the Way Forward for Special Educational Needs and Inclusion, DENI, August 2009, *Language and Literacy in Irish medium Primary Schools: Report on the Consultation and Seminar*, National Council for Curriculum and Assessment, January 2007, *Guidelines for Teachers of Students with General Learning Disabilities issued in 2007*, Ó Duibhir, P: "Oideachas agus forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna, Plécháipéis, COGG, Uimhir 2, 2006, Damian Knipe, Grace Bunting, Joe Ó Labhraí, Gabrielle Nig Uidhir and Eibhlín Mhic Aoidh St. Mary's University College, Belfast: "The Professional Development of Teachers and Principals in Irish-Medium Education", Research Report Series, Department of Education, No. 34 of 2004, Mac Donnacha, Seosamh: *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004. Léargas ó na Príomhoidí, na Múinteoirí agus na Tuismitheoirí Tuarascáil don Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta*, COGG Deireadh Fómhair 2006, Induction and Early Professional Development of Beginning teachers in Irish Medium Schools, Education & Training Inspectorate, 2007, Deirdre Nic Gabhann, *Survey of Special Education Needs in Gaelscoileanna*, 2006-7, Master's thesis, 2008. Athbhreithniú ar Ghaelscolaíocht Tuarascáil, An Roinn Oideachais, 2008.

Tábla 2:

Tionscnamh	Páirtithe	Gníomhaíocht	Toradh/Tráchttaireacht
Oiliúint ar líne	Comhairle na Gaelscolaíochta (CnaG), Coláiste Mhuire, Coláiste Phádraig, Institute of Child Education and Psychology (ICEP), An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG).	Cruinniú i mBaile Átha Cliath, Meitheamh 2009 Comh-mholtaí forbartha chun dhá mhodúl breise a ullmhú le cur leis an chúrsa oiliúna ar líne, <i>Teastas/Diplóma san Oideachas Speisialta/Cuimsitheach</i> . Chlúdódh an dá mhodúl an dátheangachas agus RSO agus an tumoideachas agus RSO.	D'eascair an tionscnamh ó mholtaí agus ó phlé idir CnaG agus Coláiste Phádraig, agus tá ICEP chun a gcúrsa reatha ar líne a athrú ionas go bhfreastalóidh sé ar OMG. Tá réimse modhanna cumarsáide idirghníomhacha ann sa chúrsa. Cuireadh na moltaí faoi bhráid na Ranna Oideachais chun go mbreathnódh siad orthu.
Clár Oiliúna Ard-Tacaíochta	Coiste Gairmoideachais Bhaile Átha Cliath (Dr. Jim Connolly), Coláiste Feirste.	Cruinnithe i mBaile Átha Cliath, Aibreán 2009. Tuilleadh cruinnithe i mBéal Feirste, leis an Chomhairle um Churaclam, Scrúduithe agus Measúnacht (CCEA).	Dréachtaíodh moltaí agus cuireadh ar aghaidh iad maidir le cur i bhfeidhm an chláir seo mar chlár píolótach agus é ag feidhmiú trí Ghaeilge i gColáiste Feirste.

12 Iarradh aighneachtaí maidir leis an chomhairliúchán: Policy Proposals Consultation Document on the Way Forward for Special Educational Needs and Inclusion, DENI, August 2009

13 Bhí cuid mhór de na páirtithe leasmhara tábhachtacha a rabhthas i dteagmháil leo maidir leis an taighde ag teacht, chomh maith, leis an tuairim seo go mbeadh sé luachmhar na hacmhainní agus an oiliúint atá ann maidir le RSO agus oideachas trí mheán na Gaeilge a thiomsú.

Bhí a fhios ag an Choiste Comhairliúcháin chomh maith, go rímhaith, go raibh an taighde ar siúl le linn do chomhairliúchán agus athbhreithniú a bheith á dhéanamh maidir le polasaithe i dtaca leis an oideachas trí mheán na Gaeilge.¹¹ Agus seo san áireamh, d'aontaigh siad gur chóir don Oifigeach Taighde féachaint le bheith páirteach sna próisis seo agus, más féidir, aighneachtaí a dhéanamh nuair a bheadh siad ábhartha don obair thaighde. Rinneadh aighneacht don Roinn Oideachais maidir leis an phróiseas comhairliúcháin ar RSO agus Cuimsiú¹² agus thug an tOifigeach Taighde faisnéis maidir leis an obair don Roinn Oideachais agus Scileanna chomh maith.¹³

Modheolaíocht Taighde

Rinneadh athbhreithniú ar na tuairiscí agus ar an taighde is tábhachtaí in RSO, in oideachas trí mheán na Gaeilge agus in oiliúint múinteoirí sa Tuaisceart agus sa Deisceart.¹⁴ Thug an t-athbhreithniú seo eolas tábhachtach chun solais maidir leis na riachtanais agus na tosaíochtaí oiliúna agus tacaíochta atá ag múinteoirí agus ag ceannairí naíscóileanna/naíonraí atá ag freastal ar pháistí le riachtanais speisialta oideachais in earnáil OMG. De bhrí go bhfuil an-chosúlacht idir na liostaí tosaíochtaí i dtuairiscí éagsúla, theastaigh ón taighdeoir díriú ar na tosaíochtaí seo, mar atá:

- Infhaighteacht uirlisí ábhartha measúnachta.
- Soláthar oiliúint ábhartha.
- Infhaighteacht acmhainní, go háirithe ábhair léitheoireachta ghrádaithe.
- Soláthar seirbhísí ábhartha tacaíochta gairmiúla.

Chun an soláthar reatha agus forbairtí ábhartha a mheas, rinneadh teagmháil leis na páirtithe leasmhara tábhachtacha san oideachas trí mheán na Gaeilge, chomh maith le heagrais sna ranna, eagraíochtaí agus coláistí a chuireann seirbhísí ar fáil maidir le RSO agus/nó maidir le OMG. Scaipeadh na torthaí i mbileog threorach i Meán Fómhair 2009. Sa bhileog threorach bhí breac-chuntas ar an soláthar reatha, tuairisc ar mholtaí nua tionscadail, agus príomhthosaíochtaí don earnáil de réir na dtuairiscí. Scaipeadh an t-eolas seo ar gach soláthraí d'OMG sa tír (660 ionad) agus ar pháirtithe leasmhara áirithe a bhaineann le polasaí, chomh maith leis an aos léinn agus ar sholáthraithe seirbhísí sa réimse seo. Chomh maith leis an eolas is déanaí ar acmhainní agus ar sheirbhísí reatha atá ar fáil a thabhairt do gach páirtí leasmhar, iarradh aischothú agus tuilleadh eolais ó na páirtithe leasmhara sa bhileog threorach.¹⁵

Le linn théarma an tionscadail tháinig forbairt ar ról comhordaithe an tionscadail. Sa ról sin, d'éascaigh an tionscadal malartú eolais agus cruthaíodh naisc idir tionscnaimh an tionscadail i bpríomhréimsí an taighde. Dá thoradh sin, cuireadh comhthogra faoi bhráid an dá Roinn i Meitheamh 2009, togra a raibh sé mar aidhm leis dhá mhodúl sa bhreis a chruthú don chúrsa oiliúna creidiúnaithe ar líne in RSO.¹⁶ Faoi láthair tá 4 mhodúl sa chúrsa: cuimsiú; an t-uathachas a thuiscint (straitéisí éifeachtacha bainistíochta agus teagaisc); disléicse; agus iompar dúshlánach agus míchumas foghlama. Tá tuilleadh sonraí ar an chúrsa sa rannán ar oiliúint in Aguisín 1 den tuairisc seo agus ar líne.¹⁷ Cuireadh an togra isteach chomh maith le cur ar chlár coiste nua uile-Éireann a bhfuil de chúram aige breathnú go grinn ar an oideachas trí mheán na Gaeilge¹⁸. Moltar é a bheith mar chuid d'fhorbairt clár cuimsitheach oiliúna do mhúinteoirí agus páirtithe leasmhara tábhachtacha eile. Bhí cruinniú eile ann le haghaidh eolais a roinnt leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i Meán Fómhair 2009.

Thairis sin, d'éascaigh taighdeoir POBAL comhroinnt eolais agus pléchrúinniú maidir le clár oiliúna ardtacaíochta don iar-bhunscolaíocht i mBéal Feirste idir an Dr. Jim Connolly, Roinn Tacaíochta Síceolaíochta, Coiste Gairmoideachais Bhaile Átha Cliath agus Coláiste Feirste. Ba léir go bhféadfadh an clár Ard-Tacaíochta Foghlama bheith tairbhíúil don aonad nuabhunaithe RSO a d'fhorbair Coláiste Feirste i mBéal Feirste. D'éascaigh taighdeoir POBAL ar an tionscadal cruinniú in Aibreán 2009, agus i gcrúinniú eile ina dhiaidh sin forbraíodh tograí deimhneacha i gcomhar le CCEA chun an tionscadal a phiolótú trí Ghaeilge i gColáiste Feirste. Táthar ag súil go mbeidh an clár réidh le cur i bhfeidhm i Meán Fómhair 2010. Tá sonraí iomlána an chláir oiliúna seo leagtha amach faoi Measúnaíocht, in Aguisín 1.

¹⁴ Níor tugadh faoi athbhreithniú litríochta níos leithne ar thaighde idirnáisiúnta ar an dátheangachas agus RSO mar tá athbhreithniú cuimsitheach litríochta in *The special educational needs of bilingual (Irish-English) children*, DE(NI), 2009 (Ní Chinnéide).

¹⁵ Cuireadh suirbhé gairid in éineacht leis an Bhileog Threorach chuig na scoileanna agus bhain na príomhcheisteanna le líon na bpáistí le riachtanais speisialta sa scoilbhliain dheireanach, agus cuntas níos mine ar riachtanais an pháistí/na bpáistí. Chomh maith leis sin bhain ceisteanna leis an teanga a úsáidtear chun tacaíocht a thabhairt don pháiste agus na trí áiseanna tacaíochta is mó a úsáidtear. Thug an suirbhé deis don mhúinteoir cur síos a dhéanamh ar na dúshláin is minice a bhíonn rompu agus iad ag freastal ar pháistí le RSO. Thug 20 scoil aischothú.

¹⁶ Togra creatlach chun freastal ar na riachtanais gairmiúla atá ag múinteoirí atá ag obair i nGaelscoileanna agus sa Ghaeltacht. Meitheamh 2009.

¹⁷ <http://www.spd.dcu.ie/main/administration/admissions/documents/FAQ.pdf>

¹⁸ Cuireadh an coiste seo le chéile le breathnú go grinn ar bhealaí le comhoibriú trasteorann a threisiú maidir le hoideachas trí mheán na Gaeilge, ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta go príomha. Ba iad a bhí ina cheann ná an Dr. Robson Davison, Deputy Secretary, RO (TÉ) agus Paddy McDonagh, Ard-Rúnaí Cúnta, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROS).

An Comhthéacs Leagtha Amach: Fíricí agus Figiúirí

Tá an taighde seo dírithe ar shainriachtanais earnáil an oideachais trí mheán na Gaeilge agus an earnáil sin ag freastal ar pháistí le RSO. Ní mór na rudaí seo a leanas a chur san áireamh:

- Polasaí go ginearálta agus cur chuige sóisialta i leith an oideachais agus na hoiliúna.
- Athruithe sa tuiscint ar riachtanais speisialta oideachais sa dá dhlínse.
- Taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ag teacht chun cinn ar an fhoghlaim dhátheangach.
- Ná riachtanais éagsúla forbartha atá ag an oideachas trí mheán na Gaeilge sa Tuaisceart agus sa Deisceart.

Dá thoradh air sin, déantar iarracht thíos breathnú ar an chaidreamh atá ann idir na riachtanais oiliúna agus tacaíochta atá ag múinteoirí in OMG agus na struchtúir pholasaí agus na múnlaí cleachtais atá ann.

Cá mhéad páiste atá san oideachas trí mheán na Gaeilge?

Tá thart ar 50,000 páiste san oideachas trí mheán na Gaeilge, i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna, sa Ghaeltacht agus i nGaelscoileanna, sa Tuaisceart agus sa Deisceart (féach Tábla 3 thíos). Chomh maith leis sin, meastar go bhfuil 5,000 páiste eile san oideachas réamhscoile.¹⁹ Chun críocha na tuairisce seo, is ionann an téarma Gaelscoil nó Gaelscoileanna agus ionaid oideachais trí Ghaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht.

Tábla 3

Líon páistí ag freastal ar OMG, i scoileanna sa Ghaeltacht agus i nGaelscoileanna.

	Gaeltacht ²⁰	Deisceart ²¹	Tuaisceart ²²
Bunscoil	8,368	27,342	2,763
Iar-bhunscoil	3,138	7,140	607
Iomlán	12,506	34,482	3,360

Léiríonn na sonraí atá ar fáil don tréimhse 2007-08 go bhfuil anois 645 ionad foghlama, ar a bhfuil 365 bunscoil agus meánscoil, agus 280 ionad réamhscoile.²³

Tábla 4

Líon na scoileanna, soláthar réamhscoile san áireamh.

	Naíscil/Naíonra	Bunscoil	Meánscoil	
Tuaisceart (12%)	42	32	1 (+ 1 sruth)	76
Deisceart (53%) ²⁴	167	136	27 (+ 13 shruth)	343
Gaeltachtaí (35%) ²⁵	71	133	22	226
Iomlán	280	301	64	645

¹⁹ De réir an eolais atá ar fáil ó Chomhar Naíonraí na Gaeltachta Teoranta tá beagnach 1000 páiste ag freastal ar naíonraí sa Ghaeltacht.

²⁰ Figiúirí ó thuairisc na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais: bunaithe ar shonraí 2005-06

²¹ Figiúirí ó Ghaelscoileanna Teo. Staitisticí 2008-09, www.gaelscoileanna.ie

²² Ibid.

²³ Tiomsaíonn an figiúr seo sonraí ó fhoinsí éagsúla, ar a n-áirítear Gaelscoileanna, NEPS, Comhairle na Gaelscolaíochta, Comhar Naíonraí na Gaeltachta agus FNT. De bhrí nár bailíodh an t-eolas go léir le linn na tréimhse céanna d'fhéadfadh mion-neamhréiteach a bheith in áiteanna sna sonraí ar fad, mar shampla nuair a áiríodh faoi dhó nó nuair a fágadh amuigh scoil nua, cónascadh nó dúnadh scoile

²⁴ Deir Forbairt Naíonra Teo (FNT) go bhfuil 165 ionad sa Deisceart agus 44 ionad sa Tuaisceart ag freastal ar 4,000, Tóstal na Gaeilge, 2008.

²⁵ Comhar na Naíonraí Gaeltachta.

Cad é réimse na riachtanas speisialta in earnáil an oideachais trí mheán na Gaeilge?

Is é sainmhíniú RSO sa Deisceart, mar atá sé leagtha amach san Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu:

“Special educational needs” means, in relation to a person, a restriction in the capacity of the person to participate in and benefit from education on account of an enduring physical, sensory, mental health or learning disability, or any other condition which results in a person learning differently from a person without that condition and cognate words shall be construed accordingly.²⁶

Sa sainmhíniú ar RSO sa Chód Cleachtas sa Tuaisceart, deirtear go bhfuil riachtanais speisialta ag páiste má tá deacrachtaí foghlama aige nó aici agus má tá cuidiú speisialta de dhíth air nó uirthi. Soláthar speisialta oideachais a chuirtear air seo.²⁷ Bíonn deacracht foghlama ann nuair a bhíonn sé i bhfad níos deacra ag páiste foghlaim ná mar atá ag an chuid is mó de pháistí den aois chéanna, nó nuair atá míchumas ar an pháiste a dhéanann é níos deacra dó na háiseanna oideachais a úsáid sa cheantar.

In éineacht leis na sainmhínte foirmeálta, deirtear go mbíonn ‘deacrachtaí foghlama’ ag páistí. Tá sé úsáideach, b’fhéidir, na riachtanais a bhíonn ag páistí a shamhlú ar chontanam. Bíonn tacaíocht foghlama de dhíth ar roinnt páistí ag pointe éigin ina saol ach beidh tacaíocht leanúnach de dhíth ar pháistí eile. Deirtear go mbíonn deacrachtaí foghlama ag 20% de pháistí ag pointe éigin le linn a gcuid ama ar scoil, ach níl ach fórbheagán díobh seo a mbeidh riachtanais speisialta oideachais acu.²⁸

Mar shampla, de réir an Chóid Chleachtas sa Tuaisceart, cuimsíonn riachtanais speisialta na rudaí seo a leanas:²⁹ deacrachtaí foghlama; deacrachtaí foghlama speisialta, e.g. displéice, uathachas; deacrachtaí mothúchánacha agus iompraíochta; míchumas fisiceach; lagú céadfach: e.g. deacrachtaí éisteachta, deacrachtaí amhairc; deacrachtaí urlabhra agus teanga agus riochtaí sláinte.

Tá liosta comhchosúil de riachtanais speisialta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS)³⁰, liosta a áiríonn míchumas fisiceach, lagú éisteachta, lagú amhairc, suaitheadh mothúchánach agus/nó fadhbanna iompraíochta, míchumas foghlama ginearálta teorannach, míchumas foghlama ginearálta éadrom, míchumas foghlama ginearálta meánach, míchumas foghlama trom/domhain, uathachas/neamhoird ar speictream an uathachais, ain-mhíchumas foghlama, sain-neamhord urlabhra agus teanga, páistí le RSO de bharr siondróm measúnaithe, míchumais iolracha, cumas/tréitheachas eisceachtúil.

Is féidir na rudaí seo a leanas a thuiscint ó na sonraí atá ar fáil ar RSO agus ar oideachas trí mheán na Gaeilge:³¹

- Is iad na trí RSO is mó a aithnítear is scoileanna sa Ghaeltacht ná deacracht foghlama ghinearálta éadrom (21%), saindeacracht foghlama (20%) agus deacracht foghlama ghinearálta teorannach (19%).³²
- Is iad na trí RSO is mó a aithnítear i nGaelscoileanna (bunscoileanna) sa Deisceart ná: displéice (29.9%), deacracht foghlama ghinearálta éadrom teorannach (16.5%), agus deacracht foghlama ghinearálta éadrom (16%).³³
- Is iad na RSO is mó a aithnítear i nGaelscoileanna sa Tuaisceart ná: deacracht foghlama ghinearálta mheánach (35%), deacracht foghlama ghinearálta éadrom (19%) agus deacrachtaí sóisialta agus mothúchánacha (15%).³⁴

²⁶ An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu, 30 de 2004.

²⁷ I bpróiseas comhairliúcháin atá ar siúl sa Tuaisceart, áfach, dar teideal Policy Proposals Consultation document on the Way Forward for Special Education and Inclusion, DENI, Lúnasa 2009, tá an téarma nua ‘Additional Needs’ a chuimsíonn an éagsúlacht riachtanas laistigh de Chúinsí Teaghlaigh, Timpeallacht Foghlama, Riachtanais Sóisialta agus Mhothúchánacha agus Riachtanais Speisialta Oideachais.

²⁸ Cód Cleachtas, 1999 Education (Northern Ireland) Order 1996

²⁹ Cód Cleachtas, ibid.

³⁰ D’athraigh an Roinn Oideachas agus Eolaíochta (ROE) a hainm go dtí an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) i Márta 2010.

³¹ Ní dhéantar sonraí maidir le RSO agus oideachas trí mheán na Gaeilge a dhídeighilt sa Deisceart. In agallaimh fóin le Ceannaire Taighde na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, 12 Bealtaine 2009, insíodh don Oifigeach Taighde go bhfuil taighde coimisiúnaithe chun a fháil amach cad iad na tacair shonraí atá ar fáil agus chun córas ceart a cheapadh chun sonraí maidir le RSO a thairfeadh.

³² Mac Donnacha, Seosamh: *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004*. Tuarascáildon Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, COGG Bealtaine 2005, Caibidil 3, lch 31

³³ Nic Gabhann, *The Special Education Needs of Children in Gaelscoileanna*, Tráchtas Máistreacht, op cit.

³⁴ Ní Chinnéide, *The special educational needs of bilingual (Irish-English) children*, POBAL don Roinn Oideachais (TÉ), Meán Fómhair 2009 Cuid 4.1

35 An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Acu, 2004.

36 Implementation Report, the Phased Introduction of the EPSEN Act 2004, National Council for Special Education (NCSE), 2006.

37 Níor faomhadh Plean Gníomhaíochta an NCSE.

38 Deirtear chomh maith gurb é ról SESS ná cur chuige bunaithe ar an chomhpháirtíocht a éascú, i gcomhar le foirne tacaíochta ina mbeadh múinteoirí, Ionaid Oideachais, Cigirí, an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, coláistí tríú leibhéal, baill foirne sna boird sláinte, ceardchumann na múinteoirí agus eagrais agus seirbhísí ábhartha eile. Mar chuid de mheon seo na comhpháirtíochta, féachann SESS leis an leas is fearr a bhaint as an chomhoibriú Thuaidh/Theas. www.sess.ie

I gcomhthéacs ina bhfuil 50,000+ páiste ag freastal ar oideachas trí mheán na Gaeilge ar fud na hÉireann is féidir a rá, gan dul thar an mheasarthacht, go mbeidh tacaíocht bhreise de dhíth ar 17-20% acu siúd ar a laghad ag pointe éigin le linn a saoil ar scoil. Nuair a chuirtear leis sin go bhfuil níos mó feasachta ar riachtanais speisialta oideachais agus go bhfuiltear á n-aithint níos mó, is léir go bhfuil an t-infreastruchtúr le haghaidh scileanna agus tacaíochta de dhíth ar gach múinteoir chun a bheith in ann réimse leathan riachtanas a aithint agus plé leo.

An tInfreastruchtúr Tacaíochta

Sa Deisceart tá an t-infreastruchtúr tacaíochta do RSO measartha nua. Bhunaigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) in 2004, i ndiaidh an Achta um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu.³⁵ Ba de bharr an Achta seo, fosta, gur ceapadh Oifigigh um Riachtanais Speisialta Oideachais, agus anois tá 80 Oifigeach RSO ann. Tá siad fostaithe chun seirbhísí RSO a chomhordú agus chun comhairle a thabhairt do scoileanna go háitiúil. Go ginearálta, baineann Oifigeach RSO le ceantar ar leith, cé gur féidir iad a fhostú le plé le catagóir ar leith scoileanna.

Tugadh isteach an Múnla um Leithdháileadh Ginearálta³⁶ díreach bliain ina dhiaidh sin in 2005. Go bunúsach, féachann sé le freastal ar pháistí atá i dteideal tacaíocht foghlama a fháil agus ar pháistí a bhfuil míchumas foghlama ginearálta éadrom teorannach agus míchumas foghlama ginearálta éadrom acu, agus ar pháistí a bhfuil sain-míchumas foghlama acu. Féachann sé le freastal orthu trí chóras a thugann leithdháileadh ginearálta do scoileanna chun freastal ar na daltaí seo. Is féidir go fóill faoin chóras seo uaireanta teagaisc a leithdháileadh i gcomhair daltaí a bhfuil minicíocht níos lú ag baint lena riachtanais speisialta oideachais, mar atá leagtha amach i gCiorclán na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. D'ullmhaigh an NCSE plean chun é a chur i bhfeidhm agus chuir siad seo faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (ROE) i nDeireadh Fómhair 2006.³⁷ Oibríonn an tSeirbhís tacaíochta d'Oideachas Speisialta (SESS) faoi choimirce na Roinne Oideachais, agus cuireadh ar bun SESS chun an fhoghlaim agus an teagasc maidir le RSO a fheabhsú. Déanann SESS réimse tionscnamh forbartha agus struchtúr tacaíochta a chomhordú, a fhorbairt agus a chur ar fáil do scoileanna agus do bhaill foirne atá ag obair le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i ngnáthbhunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna, i scoileanna speisialta agus i ranganna speisialta.³⁸

Mar atá ráite, sainmhínítear soláthar RSO sa Tuaisceart sa chód cleachtais, Code of Practice on the Identification and Assessment of Special Educational Needs (1998). Neartaíodh cearta páistí le RSO oideachas a fháil i ngnáthshcoileanna leis an Special Educational Needs and Disability (Northern Ireland) Order 2005 (SENDO).

Caithfidh gach scoil dheontaschúnta Comhordaitheoir Riachtanais Speisialta Oideachais (SENCO) a bheith acu. Ball den fhoireann is ea an SENCO a bhfuil freagracht air/uirthi as soláthar do riachtanais speisialta oideachais. I scoil bheag, áfach, d'fhéadfadh sé gurb é an príomhoide an SENCO. Tá an SENCO freagrach as feidhmiú pholasaí RSO na scoile ó lá go lá, agus is é a dhéanann teagmháil le seirbhísí seachtracha thar ceann na scoile. Cúram eile atá air nó uirthi ná a chinntiú go gcoinnítear an rolla, agus tugann sé/sí cuidiú agus comhairle do mhúinteoirí ranga maidir le measúnachtaí, pleanáil, athbhreithniú agus monatóireacht i leith páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

In 2006 choimisiúnaigh an Roinn Oideachais (TÉ) athbhreithniú ar Riachtanais Speisialta Oideachais agus Cuimisiú. Bhreathnaigh an t-athbhreithniú ar:

- Socraithe i gcomhair RSO a aithint agus a mheasúnú.
- Cineál, caighdeán agus méid an tsoláthair agus na tacaíochta a bhaineann le riachtanais measúnaithe.
- Idirghabháil luath; soláthar réamhscoile.
- Cumas a mhéadú, do mhúinteoirí, mar shampla, agus
- Ról scoileanna speisialta amach anseo.

Tá próiseas comhairliúcháin ar Chuimsiú agus ar RSO³⁹ ar siúl: agus an múnla maoinithe atá molta níl sé éagsúil ón Múnla um Leithdháileadh Ginearálta atá i bhfeidhm sa Deisceart. I Meitheamh 2010 bhí an Roinn Oideachais go fóill ag déanamh anailíse ar na haighneachtaí.

Nuair a dhéantar anailís ar na riachtanais oiliúna agus tacaíochta maidir le RSO in earnáil OMG is léir go bhfuil athrú riachtanach i ngach cuid den soláthar RSO, ó ábhair oiliúna RSO i gcolaistí oiliúna go dtí an fheasacht phoiblí le measc múinteoirí, tuismitheoirí, gairmithe agus gach duine a bhfuil baint acu le freastal ar pháistí. Díríonn an taighde atá déanta go dtí seo ar aithint riachtanas, ach tá i bhfad níos lú airde ar na straitéisí nó na próisis trína bhféadfaí athruithe a chur i bhfeidhm.

Tá, áfach, roinnt moltaí ag teacht chun cinn i dtuairiscí éagsúla, mar shampla:

- Foireann gairmithe a fhostú ina mbeadh síceolaithe oideachais agus teiripeoirithe urlabhra le saineolas in RSO agus in OMG agus a bheadh in ann comhairle agus tacaíocht a thabhairt don earnáil (Mac Donnacha).⁴⁰ Tá tagairt déanta fosta don smaoineamh 'Ionad Barr Feabhais' a chruthú (Ní Chinnéide).⁴¹
- Líonra a chruthú de mhúinteoirí tacaíochta foghlama/múinteoirí acmhainní, chun tacaíocht phiaraí a chur ar fáil agus fóram a chur ar fáil a scaipfeadh eolas agus oiliúint. (Ní Chinnéide, Mac Donnacha).⁴²
- Clár oiliúna ar RSO in OMG a fhorbairt.⁴³
- An gá le taighde cuimsitheach ar RSO in OMG i gcomhthéacs náisiúnta.⁴⁴
- Cálíocht in RSO a bheith ina chritéar i gceapadh príomhoidí, agus cúrsa ionduchtaithe a chur ar bun do phríomhoidí úra.

Tá sé deacair a shamhlú go bhféadfaí tionscnaimh ar na riachtanais oiliúna agus tacaíochta go léir a fhorbairt, a chomhordú, a chomhtháthú agus a chur i bhfeidhm gan infreastruchtúr níos foirmeálta chun na forbairtí seo a thabhairt chun tosaigh

Taighde idirnáisiúnta ar RSO agus an Dáttheangachas

Léiríonn an taighde idirnáisiúnta go bhfuil modhanna nua ag teacht chun cinn inár dtuisceant ar an chaidreamh idir RSO agus an dáttheangachas. Tá an taighde ag imirt tionchair ar pholasaí agus ar chleachtas, ach, nuair a chuirtear san áireamh a laghad taighde a dhéantar in Éirinn ní féidir ach bheith imníoch faoi cé chomh hábhartha is atá taighde in RSO. Deirtear arís agus arís eile ina lán tuairiscí go bhfuil gá le saintaighde a dhéanamh i scoileanna sa Ghaeltacht agus i nGaelscoileann maidir le páistí le RSO.⁴⁵ Níl treoir shoiléir pholasaí maidir le cad é is deachleachtas ann, nó cad é an cleachtas is fearr maidir le hoideachas páistí le RSO i scoileanna dáttheangacha. Ar fud na hearnála, Thuaidh agus Theas agus sna ceantair Ghaeltachta cruthaíonn sé seo deacrachtaí do mhúinteoirí atá ag iarraidh oideachas a thabhairt do pháistí le riachtanais speisialta oideachais, bíodh sin i nGaeilge mar chéad teanga an pháiste, nó sa tumoideachas nó san oideachas dáttheangach. Léiríonn tuismitheoirí, gairmithe sláinte/seirbhísí oideachais, agus múinteoirí a bhfuil baint acu leis an phróiseas cinnteoireachta seo, léiríonn siad imní go bhfuil easpa eolais agus comhairle ann sa réimse seo.

³⁹ Policy Proposals Consultation Document on the Way Forward for Special Education Needs and Inclusion, DENI Lúnasa 2009.

⁴⁰ Mac Donnacha, Seosamh: *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004. Léargas ó na Príomhoidí, na Múinteoirí agus na Tuismitheoirí Tuarascáil don Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, COGG Deireadh Fómhair 2006.*

⁴¹ Ní Chinnéide, op cit

⁴² ibid

⁴³ ibid

⁴⁴ ibid

⁴⁵ Tháinig buaireamh eile chun cinn i gcomhthéacs an tumoideachais. In athbhreithniú mór litríochta, coimisiúnaithe ag an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnacht, fuarthas amach go bhfuil éagsúlacht mhór sa tumoideachas ar fud an domhain, agus go mbeadh staidéar cuimsitheach taighde de dhíth chun teacht ar an chleachtas is fearr in Éirinn.

46 NEPS, tuairisc neamhfhoil-sithe, 2009

47 General Teaching Council of Northern Ireland, Review of Teacher Competencies and Continued Professional Development, 2005, An evaluation of the provision for special educational needs in Primary Schools 2007/08, Education and Training Directorate, February 2009, Special Education Needs in the Pre-School Sector, A survey by the Education Training Inspectorate, 2007 Language and Literacy in Irish medium Primary Schools: Report on the Consultation and Seminar, National Council for Curriculum and Assessment, January 2007 Guidelines for Teachers of Students with General Learning Disabilities issued in 2007., Ó Duibhir, P: "Oideachas agus forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna, Plécháipéis, COGG, Uimhir 2, 2006, Damian Knipe, Grace Bunting, Joe Ó Labhraí, Gabrielle Nig Uidhir and Eibhlín Mhic Aoidh St. Mary's University College, Belfast: "The Professional Development of Teachers and Principals in Irish-Medium Education", Research Report Series, Department of Education, No. 34 of 2004, Mac Donnacha, Seosamh: Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004. Léargas ó na Príomhoidí, na Múinteoirí agus na Tuismitheoirí Tuarascáil don Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, COGG Deireadh Fómhair 2006, Induction and Early Professional Development of Beginning teachers in Irish Medium Schools, Education & Training Inspectorate, 2007, Deirdre Nic Gabhann, Survey of Special Education Needs in Gaelscoileanna, 2006-7, Master's thesis, 2008.

48 In athbhreithniú an Ollaimh Coolahan ar chóras oideachais na hÉireann tá sé ráite go léiríonn stair a chórais oideachais tréimhsí díocais chun cúrsaí a bhogadh ar aghaidh agus a athrú in éineacht le tréimhsí daingnithe.

49 Mac Donnacha, Seosamh: Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004/The Current State of Gaeltacht Schools. Léargas ó na Príomhoidí, na Múinteoirí agus na Tuismitheoirí, Opinions from the Principals, Teachers and Parents. COGG, 2006

50 Ibid, Le linn an taighde cuireadh ceistneoirí chuig gach scoil sa Ghaeltacht, agus fuarthas 90% acu ar ais. Bhí sraith d'fhóiraim chomhairliúcháin mar chuid den taighde seo chomh maith.

In athbhreithniú a rinne an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) in 2007 ar an taighde teoranta atá ann ar riachtanais speisialta oideachais agus ar fhoghlaim dhátheangach/tumoideachais, nótáladh na rudaí seo a leanas:

- D'fhéadfadh sé nach bhfuil aon bhuntáiste le fáil as páiste a bhogadh ó Ghaelscoil go dtí scoil Bhéarla de bharr saindeacrachtaí foghlama
- D'fhéadfadh sé nach bhfuil aon bhuntáiste le fáil as páiste a bhogadh ó Ghaelscoil go dtí scoil Bhéarla de bharr cumas intleachtúil
- Ní ceart talamh slán a dhéanamh de nach féidir le páistí le neamhoird teanga bheith dátheangach.⁴⁶

Ní mór, áfach, cúinsí ar leith cás gach páiste a chur san áireamh, agus measúnacht a dhéanamh ar bhonn indibhidiúil. Céim dhearfach chun tosaigh i dtreo feasacht phoiblí níos mó is ea gur aithin NEPS an gá leis na moltaí seo a dhréachtú.

Gaelscoileanna - riachtanais oiliúna agus tacaíochta in RSO

Tá eanáil OMG ag teacht chun cinn. Sa Tuaisceart tháinig fás tapa ar an oideachas trí mheán na Gaeilge. Ach sa Deisceart, tá sé bunaithe níos faide agus tá i bhfad níos mó daltaí ann. Ar chúiseanna éagsúla, áfach, tá bearnaí ina n-infreastruchtúr tacaíochta i nGaelscoileanna agus i scoileanna Gaeltachta.

Níl an tuairisc seo ar an chéad scrúdú ar na riachtanais oiliúna agus tacaíochta atá ag eanáil OMG. Scrúdaíodh riachtanais na hearnála i roinnt tuairiscí roimhe seo, agus cé nach raibh an taighde i gcónaí dírithe ar RSO, tá a lán tagairtí ann do RSO agus do riachtanais agus do thosaíochtaí na hearnála sa réimse seo.⁴⁷ Is mór an líon moltaí a eascraíonn ó na tuairiscí seo agus tá a lán acu bailí i gcónaí, fiú agus an méid ama atá imithe thart.⁴⁸

Luaitear arís agus arís eile ina lán de na tuairiscí seo a dheacra is atá sé teacht ar sheirbhísí ábhartha oiliúna agus tacaíochta. Tá roinnt léargas ann chomh maith ar na dúshláin is coitianta a bhíonn roimh mhúinteoirí sa seomra ranga, de bhrí go bhfuil a lán de na tuairiscí bunaithe ar shuirbhéanna agus/nó go bhfuil achoimre iontu ar phróisis chomhairliúcháin le múinteoirí. Tá sleachta as cuid de na tuairiscí seo thíos. Léiríonn na sleachta patrún seasmhach na riachtanas i gcomhthéacs scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna ar fud na hÉireann.

I dtionscadal cuimsitheach taighde, *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004 /The Current State of Gaeltacht Schools*. Léargas ó na Príomhoidí, na Múinteoirí agus na Tuismitheoirí⁴⁹ a rinne Acadamh na hOllscolaíochta, fuarthas tuairimí múinteoirí, múinteoirí acmhainne agus tuismitheoirí.⁵⁰

Na príomhoidí agus na múinteoirí a bhí ag cruinnithe fócasghrúpaí bhí siad an-mhíshásta le soláthar na seirbhísí a bhí ann ag an am. Thuairiscigh siad go raibh sé dírithe an oiread sin ar an Bhéarla go raibh sé ag déanamh neamhaird iomlán ar an chomhthéacs lán-Ghaelach nó dhátheangach ina raibh na páistí ag fáil a gcuid oideachais. Seo samplaí de na rudaí a dúirt múinteoirí thíos:

- Úsáideadh teisteanna neamhfhoirsteanacha chun measúnacht a dhéanamh ar pháistí.
- Tugadh comhairle don scoil Béarla amháin a úsáid leis an pháiste le RSO, in ainneoin fianaise gurbh í an Ghaeilge teanga na scoile agus/nó teanga bhaile an pháiste.
- Tugadh comhairle don scoil teanga amháin a úsáid leis an pháiste agus, cé nár dúradh gur Béarla a bhí i gceist, ba sin a bhíochas a mhaíomh go soiléir.

Dúirt gairmí amháin le tuismitheoir gurbh é "an rud is measa dá ndearna mé riamh mo pháiste a chur chuig Gaelscoil."⁵¹

Thuairiscigh taighde Mhic Dhonnacha an tuairim a léiríodh i bhfócaschruinnithe go raibh an éiginnteacht ar fud chóras OMG maidir le príomhréimsí polasaí. Dá thoradh sin tá príomhoidí agus múinteoirí fágtha gan tacaíocht agus iad ag déanamh na gcinntí tábhachtacha seo. Gan pholasaithe soiléire a bheith leagtha síos ag an Roinn Oideachais sna réimsí seo tá sé deacair bheith ag dréim leis na scoileanna polasaithe cuimsitheacha a chruthú.⁵²

Thuairiscigh an taighde seo tuairim sheasmhach múinteoirí acmhainne⁵³ nach bhfuil go leor oiliúna nó eolais acu maidir lena gcuid oibre. Tarraingíodh aird chomh maith ar an fhíríc nach bhfuil aon oiliúint curtha ar fáil sna cúrsaí iarchéime san oideachas speisialta ar thacaíocht a sholáthar do pháistí le RSO nuair is í an Ghaeilge a gcéad teanga agus/nó nuair atá an páiste i nGaelscoil.

Ina staidéar *Language and Literacy in Irish medium Primary Schools: Report on the Consultation and Seminar*, Eanáir 2007 tá tagairtí ag an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) chomh maith do RSO san oideachas trí mheán na Gaeilge. Sna haighneachtaí a rinneadh don NCCA ar an ábhar seo rinneadh tagairt don easpa taighde ar shaincheisteanna na foghlama sa tumoideachas agus san oideachas trí mheán na Gaeilge, agus ar shaincheisteanna RSO agus ar oideachas trí mheán na Gaeilge. Bhí cáineadh sna haighneachtaí chomh maith ar an easpa ábhar tacaíochta i nGaeilge agus ar an easpa straitéisí oiliúna a chuirfeadh ar chumas múinteoirí tacaíocht a thabhairt do pháistí a bhfuil RSO acu.

Sna haighneachtaí bhí réimsí tuairimí ar cén teanga ba cheart a úsáid chun tacaíocht a thabhairt do pháistí le RSO. Ar na cúinsí a mheas daoine a raibh tionchar acu ar an chinneadh sin, bhí: teanga bhaile an pháiste, polasaí teanga na scoile, líofacht an pháiste sa teanga, forbairt ghinearálta an pháiste, an cineál piarghrúpa atá ag an pháiste, agus an leibhéal tacaíochta atá ar fáil dó/di. Bhí roinnt tagairtí ann chomh maith don easpa tacaíochta don Ghaeilge agus don Mhata trí mheán na Gaeilge.

Sa Tuaisceart mar chuid den Athbhreithniú ar Chuimsiú agus RSO rinne an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (ETI), *An evaluation of the provision for special educational needs in Primary Schools 2007/08*.⁵⁴ Ba iad seo a leanas spriocanna an tsuirbhé: caighdeán an tsoláthair do RSO i sampla bunscoileanna a mheas; agus na príomhthreochtaí agus tréithe, láidreachtaí agus laigí san áireamh, maidir le cleachtas reatha san oideachas speisialta i mbunscoileanna.⁵⁵ Ní raibh an tuairisc dírithe go sonrach ar an oideachas trí mheán na Gaeilge, ach tá léargas ann de bharr na béime láidre a chuirtear ar oiliúint sna moltaí.

Ag tagairt go sonrach d'oiliúint, ba iad na moltaí ná:

- Forbairt ghairmiúil leanúnach maidir le fócas, formáid, ábhar, úinéireacht agus ullmhúchán Pleananna Indibhidiúla Oideachais (IEP).
- Réimse leathan modhanna agus straitéisí fóirsteanacha teagaisc a úsáid chun a chinntiú go mbeidh na heispeiréis agus na dúshláin do pháistí ar ardchaighdeán.
- Forbairt ghairmiúil leanúnach in RSO ag gach leibhéal, ar a n-áirítear ceannairí scoile, comhordaitheoirí RSO (SENCO), múinteoirí ranga agus cúntóirí ranga, agus,
- Go nglacfaidh ceannairí scoile freagracht níos mó orthu féin as a chinntiú go mbaineann gach páiste na caighdeáin is airde agus is féidir amach agus go nglactar le RSO mar thosaíocht don scoil ar fad.⁵⁶

⁵¹ Ibid. Cuid 4, leathanaigh 8-9.

⁵² Ibid.

⁵³ Is é príomhchúram an Mhúinteora Acmhainne ná seirbhísí a sholáthar do pháistí a bhí measúnaithe agus a bhfuarthas amach go bhfuil SRO acu. Fostaithe i mbunscoileanna don chuid is mó, níl an ról sainmhínithe chomh soiléir le ról an Mhúinteora Tacaíochta Foghlama. Dá thoradh sin bíonn struchtúir éagsúla thacaíochta i scoileanna éagsúla. De ghnáth tugann na múinteoirí seo tacaíocht do pháistí atá laistigh de liosta RSO na Roinne Oideachais agus Scileanna. Is í an príomhdhífríocht idir Múinteoir Acmhainne agus Múinteoir Tacaíochta Foghlama ná am. De ghnáth, na páistí a fhaigheann seirbhís ó mhúinteoir acmhainne faigheann siad níos mó ama sa tseachtain, b'fhéidir 2 uair an chloig sa lá.

⁵⁴ Cigireacht Oideachais agus Oiliúna, Feabhra 2009

⁵⁵ An evaluation of the provision for special educational needs in Primary Schools 2007/08, Cigireacht Oideachais agus Oiliúna, Feabhra 2009.

⁵⁶ Ibid.

57 Damian Knipe, Grace Bunting, Joe Ó Labhraí, Gabrielle Nig Uidhir and Eibhlín Mhic Aoidh. St. Mary's University College, Belfast: *The Professional Development of Teachers and Principals in Irish-Medium Education*, Research Report Series, Department of Education, No. 34 of 2004, P.9-10

58 Induction and Early Professional Development of Beginning teachers in Irish Medium Schools, Cigireacht Oideachais agus Oiliúna, 2007

59 Byrne Report, Advisory Group on Post-Primary Teacher Education Recommendations, 2002

I dtuairisc a scríobhadh níos luaithe, *The Professional Development of Teachers and Principals in Irish-Medium Education*, coimisiúnaithe ag an Roinn Oideachais (RO) in 2004⁵⁷ moladh réimse beart a bheith ann a bhainfeadh chomh maith le hoiliúint RSO. Mar shampla, moltar, i measc rudaí eile:

- Gur chóir go mbeadh soláthraithe INSET (oiliúint inseirbhíse) níos réamhghníomhaí agus iad ag aithint riachtanais shainiúla oiliúna Gaelscoileanna agus múinteoirí, agus go ndéanfadh siad seo trí dhul i gcomhairle le múinteoirí ar shaincheisteanna a bhaineann lena bhforbairt ghairmiúil.
- Ba chóir go gcuirfeadh soláthraithe INSET san áireamh cé chomh hóg is atá múinteoirí agus príomhoidí i nGaelscoileanna, agus an easpa taithí a d'fhéadfadh bheith acu, i gcomparáid le hearnálacha eile. Bheadh, mar sin, oiliúint forbartha ghairmiúil de dhíth a bhaineann go sonrach le teagasc agus le bainistíocht i nGaelscoil.
- Mhol príomhoidí in ionaid Ghaeloideachais gurbh úsáideach an rud í oiliúint maidir le bunphrionsabail an oideachais trí mheán na Gaeilge chun cuidiú leo agus iad ag caint le tuismitheoirí agus chun an earnáil a chur chun cinn. Ní mór INSET a dhírú ar na príomhoidí seo chun a muinín agus a n-inniúlacht a mhéadú.
- De thoradh an bhrú bhreise a bhaineann le bheith ina bpríomhoidí le dualgais teagaisc, bíonn sé níos deacra dóibh freastal ar chúrsaí INSET, i gcomparáid le príomhoidí nach bhfuil dualgais teagaisc acu. Is cóir an fhír seo a aithint, mar sin, agus a gcúinsí a chur san áireamh. D'fhéadfaí seo a dhéanamh trí chúrsaí a chur ar fáil dóibh taobh amuigh d'uaireanta scoile.

I dtuairisc eile de chuid na Cigireachta Oideachais agus Oiliúna (ETI), Cigireacht Oideachais agus Oiliúna, Feabhra 2009, rinneadh moltaí comhchosúla maidir le forbairt ghairmiúil múinteoirí nua in earnáil na Gaelscolaíochta.⁵⁸ Mar shampla,

- Ní mór do gach oifigeach den tSeirbhís Chomhairle agus Tacaíochta Curaclaim (CASS) a chinntiú go ndéantar freastal ar na riachtanais shonracha teanga atá ag múinteoirí nua in earnáil na Gaelscolaíochta, agus go ndéantar an freastal sin go cothrom nuair atáthar ag soláthar acmhainní agus ábhar do mhúinteoirí nua. Ba chóir dóibh comhoibriú níos mó leis an fhoireann idirbhord CASS ar Ghaelscolaíocht maidir le hábhar a gcúrsaí.
- Ba chóir don fhoireann idirbhord CASS comhoibriú leis na hinstiúidí ardoideachais (HEI) agus le soláthraithe eile oideachais do mhúinteoirí chun pobal tacaíochta foghlama a chur ar bun ar líne ar fud earnáil na Gaelscolaíochta.

Sa Deisceart sa *Byrne Report*⁵⁹ in 2002, bhí moltaí ann maidir le RSO agus le scoileanna a d'fheidhmigh trí mheán na Gaeilge agus dhírigh na moltaí ar: an gá go mbeadh gné éigeantach i gcúrsaí oiliúna do mhúinteoirí ag díriú ar oilteacht ar chumas teagaisc i ngach cuid den speictream foghlama; an gá le tuisceant ar chuimsiú; baill foirne a bheith ceaptha go lánaimseartha in oideolaíocht na Gaeilge; cúrsaí saindeartha a chruthú do mhúinteoirí a bhfuil céim acu sa Ghaeilge, nó a bhfuil cumas cruthaithe acu, ionas go bhféadadís bogadh go scoileanna Gaeltachta nó go Gaelscoileanna; ionduchtúchán a chur ar fáil do gach múinteoir nua agus; comhpháirtíochtaí foirmeálta a chur ar bun idir oiliúint múinteoirí, ionduchtúchán agus scoileanna.

Níl cúrsaí oiliúna ar leith ann maidir le RSO agus oideachas trí mheán na Gaeilge. Tá cúrsaí ar RSO eagraithe mar chuid den oiliúint inseirbhíse nó ar fáil ó na coláistí, agus is léir go bhfuil siad tábhachtach don earnáil. Má tá scoileanna agus múinteoirí chun an bhuntáiste is fearr a fháil ó oiliúint, áfach, ní mór don oiliúint a chuirtear ar fáil freastal ar riachtanais na hearnála ar bhealach níos soiléire. Tá roinnt gnéithe eile a bhaineann le hoideachas trí mheán na Gaeilge agus le RSO nach mór aird a dhírú orthu.

Riachtanais Oiliúna san Oideachas trí Mheán na Gaeilge – cén cineál oiliúna atá de dhíth?

Tá trasnail nach beag sa dioscúrsa ar RSO san oideachas trí mheán na Gaeilge agus ar an fhoghlaim thumoideachais agus ar shealbhú an dara teanga, ach ní shrianfaidh an taighde seo an dioscúrsa ar RSO san oideachas trí mheán na Gaeilge don dá ghné seo. Chomh maith leis sin, cé go n-aithnítear an gá le hoiliúint, tá níos lú eolais bailithe ar an chineál oiliúna atá de dhíth. Ina phlépháipéar,⁶⁰ ar na riachtanais oiliúna atá ag múinteoirí in earnáil OMG, cuireann Ó Duibhir inár láthair múnlaí éagsúla teoiriciúla oiliúna, maille le tráchttaireacht spreagúil ar bhealaí chun riachtanais oiliúna a mheas. Tagraíonn sé do shuirbhé a rinne sé in 2000. Thug sé faoi deara an difear san fhócas nuair a cheistigh sé múinteoirí agus nuair a cheistigh sé príomhoidí maidir lena riachtanais oiliúna. Fuair sé amach go n-éilíonn múinteoirí oiliúint phraiticiúil ach go n-éilíonn príomhoidí eolas níos teoiriciúla maidir le saincheisteanna amháin an mhodheolaíocht atá in úsáid san fhoghlaim sa tumoideachas.⁶¹ D'áitigh sé chomh maith gur chosúil go raibh glacadh leis le fada gur beag an dea-thionchar a bhíonn ag cúrsaí oiliúna astu féin mura bhfuil struchtúir chuí tacaíochta ann do na múinteoirí chun a scileanna nua a chur i bhfeidhm.⁶² Agus leag sé béim ar an tábhacht atá le tacaíocht na múinteoirí a fháil, ionas go mbeidh úinéireacht acu ar chur i bhfeidhm straitéis oiliúna.⁶³

Ó thorthaí suirbhé ar RSO i nGaelscoileanna sa Deisceart, is cosúil go bhfuil líon na múinteoirí a bhfuil cúrsaí faofa in RSO déanta acu i bhfad níos lú ná san earnáil oideachais trí chéile.⁶⁴ Tá gá le níos mó staidéir chun na cúiseanna chun na torthaí seo a chinntiú. Aithnítear, agus tá sé ar an taifead, go bhfuil múinteoirí agus príomhoidí san oideachas trí mheán na Gaeilge níos óige ná mar atá san earnáil oideachais trí chéile.⁶⁵ D'fhéadfadh seo bheith ar cheann de na cúiseanna. Agus í ag trácht ar Ghaelscoileanna sa Deisceart, faigheann Nic Gabhann an tagairt seo;

Tá cúrsa faofa na Roinne Oideachais agus Eolaíochta i Riachtanais Speisialta Oideachais déanta ag 23% de mhúinteoirí i nGaelscoileanna. Tá seo i bhfad níos ísle ná an meán náisiúnta. Tuairiscítear in The Study of Remedial Education in Irish Primary Schools (1998) go bhfuil cúrsa páirtaimseartha aon bhliana san oideachas feabhsach déanta, nó ar shéala a bheith déanta, ag beagnach 75% de mhúinteoirí feabhais. (Shiel G., Morgan M., Larney, R. 1988, p. 27).

In *Counting on Success* (2006), luaitear go bhfuil cúrsa aon bhliana páirtaimseartha faofa ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, nó a chomhionann, déanta ag beagnach leath na bhfreagróirí, agus go raibh 9% ar tí ceann a chríochnú.⁶⁶

Sa Tuaisceart, léiríonn tuairisc Ní Chinnéide go bhfuil cúig bliana nó níos lú taithí ag os cionn 55% de mhúinteoirí in earnáil na Gaelscolaíochta.⁶⁷ I measc phríomhthorthaí Ní Chinnéide maidir le hoiliúint tá a leanas:

- Tá acmhainní praiticiúla, fóirsteanacha á lorg ag múinteoirí san oideachas trí mheán na Gaeilge, acmhainní atá réidh le húsáid sa seomra ranga, agus ionad for-rochtana amháin a chuireann tacaíocht éifeachtach, fhóirsteanach, shaindeartha ar fáil d'earnáil na Gaelscolaíochta. (4.9.19-22)
- Tá oiliúint ar RSO de chineál éigin faighte ag céatadán ard de mhúinteoirí earnáil na Gaelscolaíochta. Caithfear a áitiú ar mhúinteoir Gaelscolaíochta úsáid a bhaint as deiseanna oiliúna in RSO a chuireann Boird Oideachais agus Leabharlann (ELB) ar fáil. (4.10.32-3)
- Cé gur mhothaigh freagróirí go bhfuil oiliúint úsáideach, tharraing siad aird ar an ghá le hoiliúint rialta a bhaineann go sonrach le hoideachas trí mheán na Gaeilge. Chuirfeadh a leithéid ar a gcumas soláthar fóirsteanach a aithint agus a chur ar fáil do dhaltaí a bhfuil cuidiú breise de dhíth orthu. (4.10.7, 17-20).⁶⁸

⁶⁰ Ó Duibhir, P. Oideachas agus forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna, Plécháipéis, COGG, Uimhir 2, 2006. Lgh.9-10

⁶¹ Ibid.

⁶² Ibid. Luann sé, mar shampla, straitéis sa Bhreatain Bheag, straitéis chun an litearthacht a fheabhsú. D'éirigh go maith leis an straitéis sna chéad trí bliana, ach ní dhearnadh aon dul chun cinn ina dhiaidh sin. Maítear i dtuairiscí a scríobhadh ar an tionscadal sin go raibh an easpa úinéireachta ag leibhéal na múinteoirí/na scoile ina chúis thábhachtach.

⁶³ Nic Gabhann, Deirdre: SEN in Gaelscoileanna, 2008. Caibidil 3

⁶⁴ Máirtín, C. Soláthar Múinteoirí do na Bunscoileanna lán-Ghaeilge. Bunachar Sonraí agus Tuairimí Príomhoidí i leith Gnéithe den Staid Reatha sa Ghaelscolaíocht, COGG, Meán Fómhair 2006, Nic Gabhann, op cit, Caibidil 3,

⁶⁵ Nic Gabhann, op cit, Caibidil 3. Cuid 3.4.2.

⁶⁶ Ní Chinnéide, op cit lch.243

⁶⁷ Ní Chinnéide, op cit . lch 45

⁶⁸ Ní Chinnéide, op cit . lch 45

Dúirt múinteoir (sa Deisceart) a bhain amach an Dioplóma Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais:

Bhí ábhar an chúrsa ar fheabhas agus d'fhoghlaim mé cuid mhór agus d'fhorbair mé scileanna úra agus mé ag dul dó, ach ní dheachthas i ngleic le riachtanais speisialta i nGaelscoileanna ar chor ar bith. Ba chosúil gur dhóigh leis na léachtóirí agus leis na cainteoirí go raibh siad faoi gheasa gan riachtanais speisialta i nGaelscoileanna a lua. Bhí an bhéim ar scileanna teanga ó bhéal a fhorbairt i gcomhthéacs RSO, agus ní raibh aon duine sásta a rá cén teanga ar chóir do Ghaelscoileanna na scileanna seo a fhorbairt inti.⁶⁹

Ráiteas eile, a shonraíonn, is cosúil, na 'gnéithe breise' atá de dhíth:

Is dóigh liom gur féidir oiliúint a fháil ar na siondróim taobh amuigh de chóras an oideachais trí Ghaeilge, agus nach bhfuil rud ar leith de dhíth [ar earnáil an oideachais trí Ghaeilge], ach, aon áit a bhfuil tionchar ag an dátheangachas ann, ba chóir oiliúint ar leith a bheith curtha ar fáil do mhúinteoirí.⁷⁰

Cuireann na coláistí oiliúna uile oiliúint ar fáil ar RSO, mar bhunghné dá gcúrsa oiliúna tosaigh do mhúinteoirí nó i modúil oiliúna ar leith ar RSO le linn na tréimhse oiliúna. Tá a lán cúrsaí forbartha gairmiúla ann chomh maith, agus seisiúin inseirbhíse ar fáil do mhúinteoirí. Tríd is tríd, bhí múinteoirí dearfach faoin ábhar in oiliúint inseirbhíse agus faoi na cúrsaí i bhforbairt leanúnach ghairmiúil ar RSO, ach seans nach bhfuil na cúrsaí dóthanach chun freastal ar na cúiseanna buartha maidir le bainistíocht RSO i gcomhthéacs an oideachais trí mheán na Gaeilge.⁷¹

Tá an díospóireacht ar cad é mar is cóir RSO a theagasc níos leithne agus níos doimhne ná mar is féidir a dhéanamh taobh istigh de theorainneacha an taighde seo. In 2004, rinneadh suirbhé trasteorann ar chleachtas san oiliúint tosaigh ar mhúinteoirí maidir le soláthar riachtanais speisialta oideachais.⁷² I gcomhdháil leantach ar RSO agus oideachas tosaigh ar mhúinteoirí, luadh go bhfuil mír éigeantach agus míreanna roghnacha in RSO ag an chuid is mó de choláistí. Spreagann mionsonraí praiticiúla a lán ceisteanna faoin chur i bhfeidhm, áfach, rud a thugann léargas ar an chastacht a bhaineann le hoiliúint i riachtanais speisialta oideachais. Luaitear i dTuairisc na Comhdhála:

- Bhí cruachás fíor roimh oideachasóirí múinteoirí;
- Bhí múnla leighis de RSO riachtanach ar mhaithe le freagracht;
- B'éigean níos traidisiúnta de RSO a chur le chéile agus a bhuí le cuimsiú níos mó b'éigean RSO a bhaint ó chéile chomh maith.
- B'éigean eolas faoi RSO agus eolas faoi oiliúint múinteoirí a chomhtháthú; b'éigean múinteoirí a bheith ar an eolas faoi chearta polaitiúla, dlíthiúla, leighis, carthanachta agus faoi dhioscúrsaí cultúrtha maidir le RSO agus bheith in ann smaoinemh ar bhealaí níos cuimsithí;
- Bhí inniúlacht de dhíth ar mhúinteoirí in RSO ach ní mar bhreiseán le clár reatha oideachais mhúinteoirí; agus, faoi dheireadh,
- Ba ghá réimse leathan inniúlachtaí RSO a neadú i gcúrsaí Oiliúna Tosaigh Múinteoirí.⁷³

Rinneadh iarracht teacht ar straitéis chun tosaigh, agus cuireann tuairisc na comhdhála in iúl a leanas:

Ba chóir tacar pacáistí a shainiú i gcomhair mic léinn éagsúla: Pacáiste éigeantach do gach mac léinn i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna; ardhpacáiste do mhic léin a bhfuil go leor ama acu, a bhfuil sé de dhíth orthu agus/nó a bhfuil spéis acu níos mó eolais a fháil. Ba chóir míreanna coláistebhunaithe agus míreanna scoilbhunaithe a bheith iontu agus ba chóir iad a theagasc i gcomhpháirtíocht le scoileanna. Bhíothas den bharúil go raibh tábhacht ar leith leis an dúshlán a bhaineann le saincheisteanna RSO a "neadú" isteach i gcuid mhór gnéithe nó i ngach gné d'oiliúint tosaigh múinteoirí (ITE). An bhféadfadh soláthar bheith éifeachtach mura

⁶⁹ Nic Gabhann, op cit. Caibidil 3

⁷⁰ Nic Gabhann, op cit. Caibidil 3

⁷¹ Damian Knipe, Grace Bunting, Joe Ó Labhraí, Gabrielle Nig Uidhir and Eibhlín Mhíic Aoidh. Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste: "The Professional Development of Teachers and Principals in Irish-Medium Education", Research Report Series, Department of Education, No. 34 of 2004. P.9-10 Ó Duibhir, P: "Oideachas agus forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna, Pléacháipéis, COGG, Uimhir 2, 2006. Mar chuid den taighde seo rinneadh teagmháil leis na coláistí a chuireann oiliúint múinteoirí ar fáil agus, seachas Coláiste Ollscoile Naomh Muire, dúradh leo nár dhírigh a gcúrsaí RSO go sonrach ar an oideachas trí mheán na Gaeilge.

⁷² Special Education Needs in Initial Teacher Training, Report on the SENITE Conference, Trinity College, 22-23 March 2004, ScoTENS.

⁷³ Ibid. Lch. 2

mbeadh sé ach discrédieach seachas neadaithe? An bhféadfadh soláthar bheith éifeachtach mura mbeadh sé ach neadaithe seachas discrédieach? Rinneadh an argóint go bhféadfadh lucht teagasc sna hábhair, sa churaclam agus sa teagasc féachaint le díriú níos mó ar éagsúlacht i ngnóthachtáil daltaí laistigh d'ábhair, ar iomlán na ndaltaí indibhidiúla a bhaineann an ghnóthachtáil sin amach agus ar na straitéisí a úsáideann ranna ábhair chun dul i ngleic le tearcghnóthachtáil. Ar cheart éagsúlacht na mac léinn atá ag déanamh staidéir ar ábhar a bheith cuimsithe i staidéar an ábhair? Bhí sé "riachtanach ach teorantach" RSO a lonnú taobh istigh de litearthacht, d'uimhearthacht agus d'fhorbairt phearsanta/shóisialta.⁷⁴

Tá roinnt cáilíochtaí iarchéime ann chomh maith maidir le riachtanais speisialta oideachais atá dírithe ar mhúinteoirí cáilithe. Aithníonn an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) na cinn seo a leanas:

Cúrsa	Dírthe ar	Áit	Fad
Dioplóma Iarchéime san Oideachas Speisialta (arna bhronnadh ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath)	Múinteoirí speisialta agus múinteoirí bunskoile amháin	Coláiste Phádraig	Bliain amháin
Dioplóma Iarchéime in RSO (arna bhronnadh ag Ollscoil Luimnigh)	Múinteoirí iar-bhunscoile amháin	Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann	Bliain amháin
Dioplóma Iarchéime in RSO (arna bhronnadh ag Ollscoil Luimnigh)	Bunscoil agus iar-bhunscoil	Coláiste Mhuire Gan Smál	Bliain amháin
Ard-Dioplóma in RSO (arna bhronnadh ag OÉ Gaillimh)	Bunscoil agus iar-bhunscoil	Coláiste San Aingeal, Slígeach	Bliain amháin
Ard-Dioplóma d'OÉ, Baile Átha Cliath	Bunscoil agus iar-bhunscoil	An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath	Bliain amháin
Dioplóma Iarchéime i dTacaíocht Foghlama ⁷⁵	Múinteoirí bunskoile	Coláiste Phádraig	Bliain amháin
Dioplóma Iarchéime in Oideachas Tacaíochta Foghlama bhronnadh ag Coláiste na Tríonóide)	Bunscoil agus iar-bhunscoil	Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann	

Sa Tuaisceart i naíscoileanna caithfidh gach ball foirne NVQ 3 a bheith acu agus caithfidh ar a laghad ball foirne amháin cáilíocht Leibhéal 4 a bheith acu. Sa Deisceart, faigheann baill foirne cáilíocht FETAC. Is é an cleachtas is fearr ná inniúlacht ag leibhéal FETAC 4 agus/nó 5. Níl oideachas speisialta ina mhír éigeantach den chúrsa FETAC ar Chúram Leanáí.

Cuireann an tSeirbhís Chomhairle agus Tacaíochta Curaclaim (CASS) cúrsaí inseirbhíse ar fáil⁷⁶ sa Tuaisceart agus déanann na hIonaid Oideachais an rud céanna⁷⁷ sa Deisceart. Forbraítear na cúrsaí seo de réir riachtanais áitiúla agus de ghnáth bíonn ardmheas ar chaighdeán, ábharthacht agus ábhar na gcúrsaí a chuireann na forais seo ar fáil.⁷⁸ Baineann an tSeirbhís Iar-bhunscoile agus an Clár Curaclaim Bunskoile úsáid as na hIonaid Oideachais chomh maith chun soláthar a dhéanamh ar a gláir thacaíochta a phléann le saincheisteanna curaclaim don chuid is mó.

Tá réimse cúrsaí ann chomh maith a eagraíonn grúpaí, amhail an tSeirbhís Speisialta Tacaíochta Oideachais (SESS), a chuireann ar fáil, mar shampla, seimineáir ar Phleanáil Oideachais Indibhidiúil (IEP), Aistriú ó bhunscoil go dtí iar-bhunscoil do pháistí le RSO, Neamhoird ar Speictream an Uathachais, agus cúrsaí inseirbhíse amhail Disléicse i scoileanna, Cuimsiú, etc.

Sa Deisceart, i gcás Cúntóirí Riachtanas Speisialta (SNA), tá cúrsa teastais ann atá eagraithe ag Ionaid Oideachais áitiúla. Ach tháinig an córas faoi athbheithníú in 2009, is é sin, an córas chun Cúntóirí Riachtanas Speisialta a chur ar fáil.

⁷⁴ Ibid. Lch. 1

⁷⁵ Chun cáiliú mar Mhúinteoirí Tacaíochta Foghlama (Múinteoirí Feabhais mar a bhí), ní mór do dhaoine atá cáilithe mar mhúinteoirí cheana féin tabhairt faoi chúrsa iarchéime. Aontaítear ábhar cúrsaí leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Maireann cúrsaí bliain amháin agus roinntear an t-am idir freastal ar an chúrsa atá i gceist agus teagasc i scoileanna na rannpháirtithe féin. Tá difríochtaí idir na coláistí páirteacha maidir le heagrú agus le cáilíochtaí bronnta

⁷⁶ Cruthaíodh an tSeirbhís Chomhairle agus Tacaíochta Curaclaim (CASS) sa chúig Bhord Oideachais agus Leabharlann de thoradh an Northern Ireland Education Order 1998. Thug seo dualgas do gach Bord comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do mhúinteoirí laistigh dá cheantar féin.

⁷⁷ Tá na hionaid oideachais faoi choimirce na Rannóige Oideachais Mhúinteoirí (TES) den ROS, agus cuireann siad oiliúint agus réimse imeachtaí ar fáil do mhúinteoirí agus do pháirtithe eile a bhfuil baint acu leis an scoilphobal trí oiliúint inseirbhíse chun tacaíocht a thabhairt do scoileanna áitiúla. Mar shampla, cuidíonn siad le pleananna forbartha scoile, agus tá siad ceaptha le freastal ar éileamh. Tá 21 ionad lánaimseartha agus 9 n-ionad páirtaimseartha ar fud an stáit.

⁷⁸ NI Education and Library Boards' Curriculum Advisory Support Services, Best Value Fundamental Service Review, Deireadh Fómhair 2005

Ó 2009 i leith níl ach dhá chúrsa ar líne atá faofa ag an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le RSO i dtreo Dioplóma i gCuimsiú/Riachtanais Speisialta. Forbraíodh an dá chúrsa ar leithligh mar comhthionscadail leis an Institute of Child Education and Psychology Europe (ICEPE) agus Coláiste Phádraig, Droim Conrach. Is é an cúrsa eile ná Ard-Dioplóma san Fhorbairt Ghairmiúil (Adv Dip PD) Oideachas Cuimsitheach: Ollscoil na Banríona Béal Feirste agus ICEP Europe.

Cad iad na hacmhainní atá ag teastáil agus cé atá in ann iad a sholáthar?

Sa Bhéarla agus sa Mhata a chuirtear tacaíocht ar fáil do pháistí le RSO. Ach, caithfidh earnáil OMG tacaíocht a thabhairt do pháistí le RSO i nGaeilge. Nuair a fíafraíodh díobh le linn staidéar an CNCM cad iad na saincheistanna a bhaineann le Tacaíocht Foghlama ba chóir a chur san áireamh do scoileanna lán-Ghaeilge, chuir múinteoirí, a thug freagra, béim ar an ghá leis na rudaí seo a leanas:

- Teisteanna caighdeánaithe Gaeilge
- Tacaíocht foghlama sa mhata trí Ghaeilge
- Tacaíocht foghlama trí Ghaeilge
- Seirbhísí síceolaíocha agus urlabhra trí Ghaeilge agus i gcomhair sealbhú teanga
- Leabhair fhóirsteanacha i ngach réimse churaclaim i nGaeilge.

Cuireadh a mhacasamhail riachtanais in iúl arís agus arís eile i dtuairiscí eile chomh maith. Tugann suirbhé de scoileanna sa Ghaeltacht (2006) ⁷⁹ le tuiscint go bhfaigheann páistí le RSO, san oideachas trí mheán na Gaeilge, tacaíocht maidir le Béarla, Mata agus Gaeilge, agus go raibh an tacaíocht seo curtha ar fáil trí Bhéarla i mbeagnach leath de na scoileanna, (49%), trí Ghaeilge in 28% de na scoileanna agus trí mheascán de Ghaeilge agus Bhéarla in 23% de na scoileanna.

Líon daltaí a fhaigheann tacaíocht ó Mhúinteoir Tacaíochta, de réir ábhair agus contae ⁸⁰

Contae	Béarla	Matamaitic	Gaeilge
Gaillimh (n=40 scoil)	140	75	45
Ciarraí (n=14 scoil)	25	11	13
Maigh Eo (n=25 scoil)	59	31	4
Dún na nGall (n=35 scoil)	96	50	9
Port Láirge, An Mhí & Corcaigh (n=13)	38	15	11
Iomlán (n=127 scoil)	358	182	82

I suirbhé ar na Gaelscoileanna sa Deisceart tuairiscítear a leanas:

Tá os cionn 51% de mhúinteoirí Riachtanais Speisialta Oideachais i nGaelscoileanna ag cur tacaíochta ar fáil i scileanna litearthachta Béarla. Tá 35% eile de mhúinteoirí ag tacú le mata fosta. Tá 10% de mhúinteoirí Riachtanais Speisialta Oideachais i nGaelscoileanna ag cur tacaíochta ar fáil i scileanna litearthachta Gaeilge. Tá 2% de mhúinteoirí ag cur tacaíocht mothúchánach agus iompraíochta ar fáil.⁸¹

⁷⁹ Mac Donnacha, Seosamh: *Stáid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004*. Tuarascáil don Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, COGG Bealtaine 2005, Caibidil 3, lch 31

⁸⁰ ibid

⁸¹ Nic Gabhann, op cit. Cuid 3.5.

Leanann an suirbhé ar aghaidh,

Tá 54% de fhreagróirí ag cur tacaíocht mata ar fáil trí mheán an Bhéarla agus na Gaeilge. Tá 36% de fhreagróirí ag cur tacaíochta ar fáil trí mheán na Gaeilge agus tá 10% de fhreagróirí ag cur tacaíochta ar fáil trí mheán an Bhéarla.⁸²

Cuireann na torthaí seo⁸³ in iúl go bhfuil éagsúlacht acmhainní de dhíth ar mhúinteoirí don earnáil. Tá an earnáil ag éileamh ábhar grádaithe léitheoireachta go seasmach le fada an lá. Rinne Coláiste Ollscoile Naomh Muire i mBéal Feirste suirbhé an-ábhartha ar ábhair léitheoireachta, ag fiosrú cé chomh húsáideach agus atá siad do mhúinteoirí agus do pháistí atá ag foghlaim na léitheoireachta. Tá easpa ábhar tacaíochta aitheanta ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta.

Cé go raibh suirbhé Choláiste Mhuire teoranta do Ghaelscoileanna sa Tuaisceart, tugann sé léargas ar chur i bhfeidhm praiticiúil na n-ábhar atá ann, agus an méid atá riachtanach le cur leo. Ba é an mórfhreagra ná nach raibh na hábhair fóirsteanach d'fhoghlaim na luathbhlianta agus go bhfuil gá práinneach le scéim nua do pháistí ag tosú ag léamh.

Bhain na príomhbhearnaí a aithníodh sna hábhair atá ann le saincheisteanna amhail: an gá le hábhair fónaice, ganntanas éagsúlachta, foghraíocht, dearadh/íomhánna seanaimseartha, an gá le dlúthdhioscaí le húsáid sa bhaile, téacsanna gan a bheith grádaithe, etc.

Ar an drochuair, níl aon phleananna ann a leithéid de scéim a fhorbairt go luath ag an nGúm, ag an Áisaonad, ná ag suíomhanna acmhainní amhail www.pfds.ie (primary professional development service), www.slss.ie (suíomh úr chun acmhainní a chur ar fáil do mheánscoileanna), ach tá súil ag an Áisaonad a chuid oibre a chur chun tosaigh sa réimse seo.

Is léir, áfach, go n-ullmhaíonn a lán múinteoirí a gcuid ábhar féin chun cuidiú lena ndaltaí le riachtanais speisialta oideachais. Cé go n-ullmhaítear an t-ábhar seo in am an mhúinteora féin gan na hacmhainní chun é a tháirgeadh go caighdeán ghairmiúla foilsitheoireachta, is acmhainn luachmhar don earnáil é.

Mar chuid d'iarobair i measúnú inCA, thionóil an CCEA, i gcomhar le Gaelscoileanna sa Tuaisceart, sraith cruinnithe le príomhoidí chun dea-chleachtas agus ábhar bainteach a aithint. Thionsaigh an CCEA na torthaí seo agus d'fhoilsigh siad iad i Márta 2010.⁸⁴ Thosaigh Gaeleagras um Shainriachtanais Oideachais (GESO), an grúpa deonach a thugann tacaíocht do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus do pháistí, thosaigh siad ag cruinniú ábhar agus tá cuid den ábhar seo ar fáil ar a suíomh, www.gesoeire.com

Dúshlán eile do mhúinteoirí ba ea an easpa uirlisí fóirsteanacha measúnachta mar bíonn múinteoirí ag brath ar theisteanna dá leithéid chun a measúnacht bhreathnaitheach ar an leanbh a dheimhniú. Maidir le RSO agus oideachas trí mheán na Gaeilge, ní raibh aon uirlisí measúnachta ann i nGaeilge, nó ar an Ghaeilge, maidir le páistí le RSO. Le bliain anuas, tá dul chun cinn déanta maidir le forbairt teisteanna measúnachta ábhartha⁸⁵ ach tá an gá ann go fóill le réimse leathan measúnachtaí a chruthú. (Is leagtha amach in Aguisín 1 atá sonraí na nUirlisí Measúnachta atá ar fáil nó atá i mbéal forbartha agus a bhfuil baint ar leith acu le hoideachas trí mheán na Gaeilge.)

Saincheist thábhachtach maidir le soláthar acmhainní is ea an easpa comhordú chun a chinntiú go bhfuil na páirtithe leasmhara is tábhachtaí eolach ar na hacmhainní atá ann. Ba léir seo ón aischothú ó dhaoine aonarach agus ó ghrúpaí a ndearnadh teagmháil leo mar chuid den taighde seo (tá an liosta seo faoi iamh mar Aguisín 4). Léiríonn an taighde go bhfaigheann múinteoirí an chuid is mó dá n-eolas agus dá n-oiliúint óna n-oiliúint tosaigh múinteora agus ó chúrsaí i bhforbairt leanúnach

⁸² Ibid, Cuid 3.11.

⁸³ Ní raibh an taighdeoir in ann teacht ar na sonraí seo don Tuaisceart.

⁸⁴ www.nicurriculum.org.uk.

⁸⁵ Tá sonraí na dTeisteanna Measúnachta leagtha amach in Aguisín 2

ghairmiúil, chomh maith le comhairle agus tacaíocht atá ar fáil istigh sa scoil. Ba chóir na réimsí tábhachtacha seo a bheith san áireamh in aon straitéis chomhordaithe.

Feasacht phoiblí - inniúlacht agus cumas a thógáil chun freastal ar riachtanas.

Aithnítear go bhfuil ábhair bhuartha ann maidir le cumas seirbhísí tacaíochta freastal ar riachtanais pháistí le RSO i scoileanna Béarla agus i scoileanna a oibríonn trí mheán na Gaeilge. Is cóir a thabhairt faoi deara go bhfuil an múnla soláthraithe seirbhíse faoi athbhreithniú sa Tuaisceart agus, mar glactar leis na moltaí, beidh dhá thoradh athruithe suntasacha ann san idirghníomhaíocht seirbhísí seachtracha le páistí sa scoil. Sa Deisceart, ó glacadh le Múnla um Leithdháileadh Ginearálta tá athruithe sa bhealach ina soláthraítear seirbhísí. Mar shampla, i gcás páistí le disléicse nó le deacrachtaí foghlama ginearálta éadroma teorannacha cuimsítear iad anois sa mhúnla um leithdháileadh ginearálta do scoileanna agus ní bhíonn acmhainní breise múinteoireachta thar an phost/na poist atá sainithe ar fáil do na scoileanna.⁸⁶

⁸⁶ Nic Gabhann, op cit.

⁸⁷ Mac Donnacha, op cit

⁸⁸ Nic Gabhann, op cit Caibidil 3. cuid.3.3.

⁸⁹ Léiríodh an bharúil chéanna ag an cheardlann chomhdhála ar RSO, a d'eagraigh Gaelscoileanna i gCill Cheannaigh i Samhain 2009.

⁹⁰ Ibid, p. 184

Mar is léir ó na ráitis roimhe seo maidir le riachtanais oiliúna, is é an t-ábhar is coitianta buartha maidir le seirbhísí ná an easpa eolais, feasacht phoiblí agus tuiscint phoiblí ar éiteas agus ar chur chuige Gaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta.⁸⁷

Tá sé deacair teacht ar thaighde comhaimseartha, cuimsitheach agus a bhfuil bunús maith leis ar éifeachtacht an oideachais dhátheangaigh nó na foghlama tumoideachais do pháistí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu. I mór-athbhreithniú litríochta a choimisiúnaigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA), *Language and Literacy in Irish-medium Primary Schools: Review of Literature*, 2006, fuarthas go bhfuil éagsúlacht mhór sa tumoideachas ar fud an domhain, agus nach mór staidéar cuimsitheach taighde a dhéanamh, sularbh fhéidir an dea-chleachtas is fearr in Éirinn a aithint. In athbhreithniú le NEPS (2007) ar an taighde teoranta atá ar fáil ar riachtanais speisialta oideachais agus foghlaim dhátheangach/tumoideachais, tugadh na rudaí seo a leanas faoi deara:

- D'fhéadfadh sé nach bhfuil aon bhuntáiste ann páiste a bhogadh ó Ghaelscoil go dtí scoil Bhéarla de bharr saindeacrachtaí foghlama;
- D'fhéadfadh sé nach bhfuil aon bhuntáiste ann páiste a athrú ó Ghaelscoil go dtí scoil Bhéarla ar chúiseanna a bhaineann le cumas intleachtúil; agus
- Ní cóir talamh slán a dhéanamh de nach féidir le páistí le neamhoird a bheith dátheangach.


Ach, tríd is tríd, tá easpa féinmhuiníne san earnáil go bhfuil an cumas inti eolas, comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil atá fóirsteanach agus tráthúil. Mar a deir múinteoir amháin:

Nuair a fhiafraíonn tuismitheoirí díom ar chóir dá bpáiste fanacht i nGhaelscoil tar éis dóibh a fháil amach go bhfuil disléicse air, níl a fhios agam cén chomhairle ba cheart dom a thabhairt.⁸⁸

Thairg beirt phríomhoidí don easpa feasacht phoiblí sna seirbhísí tacaíochta agus dúirt siad gurbh fhearr leo plé le síceolaí oideachais a thuigeann éiteas na scoile, seachas le síceolaí a bhfuil Gaeilge aige ach nach bhfuil aon taithí aige ar an earnáil.⁸⁹ Is é an t-ábhar buartha atá ann ná go bhfuil easpa tuisceana ar shaincheisteanna RSO agus an dátheangachas, agus RSO agus an tumoideachas. Léiríonn an tábla thíos difríocht shuntasach idir na freagraí a thug síceolaithe oideachais maidir le páistí dátheangacha agus maidir le hearnáil OMG. I dtaighde Ní Chinnéide, tugtar na rudaí seo a leanas faoi deara,⁹⁰

Tábla ó Ní Chinnéide: The special educational needs of bilingual (Irish-English) children.

**Understanding of bilingualism and the IM education sector
Educational psychologists**



Oibríonn síceolaithe oideachais le páistí in OMG i mórchuid mhór cásanna (81%) i mBéarla amháin. Ní úsáideann aon duine acu Gaeilge amháin, agus úsáideann duine as cúigear acu (19%) meascán de Ghaeilge agus de Bhéarla (4.3.8,13).

Is fearr le 28% de na síceolaithe oideachais bheith cúirtéiseach agus meas a léiriú ar dhinimic na Gaeilge i scoil OMG, agus ligeann siad do pháistí sna scoileanna seo ateangaire a úsáid(4.3.9).⁹¹

Sa Deisceart tugadh le tuiscint gur fearr an tuiscint agus an t-eolas atá ag síceolaithe atá fostaithe ag an Stát ar oideachas trí mheán na Gaeilge seachas ná mar atá ag síceolaithe atá fostaithe go príobháideacha.⁹² Is céim dhearfach é togra NEPS chun straitéis a fhorbairt le feasacht a fheabhsú.⁹³

Níl sainpholasaithe ag na príomheagrais a bhaineann le hoideachas trí mheán na Gaeilge maidir le RSO in OMG.⁹⁴ Ó agallaimh leis an phríomhphearsanra atá páirteach, is é an chonstaic is mó roimh rannpháirteacht sa réimse seo ná an mórbhuaireamh nach mbeadh sé cuidiúil, gan an saineolas fóirsteanach, aon rud a rá faoi pholasaí. Tá na páirtithe leasmhara tábhachtacha go léir eolach ar na dúshláin agus na buartha a bhaineann le RSO agus le hoideachas trí mheán na Gaeilge. Mar chuid d'agallaimh leathstruchtúrtha leo, insíodh don taighdeoir faoi tharlúintí faoi leith nuair a rinne tuismitheoir nó múinteoir teagmháil leo agus iad ag lorg eolais nó comhairle maidir le cad é ba chóir a dhéanamh. Bhí siad eolach, fosta, ar amanna nuair a chomhairligh an príomhoide do pháistí le riachtanais speisialta oideachais an scoil a fhágáil de bhrí go mbeadh sé 'níos fearr don pháiste'.⁹⁵ Ríomhtar scéalta comhchosúla i dtráchtas máistreacht Nic Gabhann ar Riachtanais Speisialta Oideachais i nGaelscoileanna sa Deisceart. Tugann sin le tuiscint go bhféadfadh páistí a bheith ag imeacht ó Ghaelscoileanna tar éis go bhfaightear amach go bhfuil saindeacracht foghlama acu. Tugann an tráchtas le fios chomh maith go bhféadfadh sé nach mothaíonn múinteoirí go bhfuil an chomhairle, an tacaíocht, an t-eolas agus na hacmhainní acu le tuismitheoirí a spreagadh a bpáistí a choinneáil sa Ghaelscoil.⁹⁶

D'fhéadfadh roinnt athruithe eagraíochtúla cuidiú leis na caidrimh idir na seirbhísí tacaíochta agus na scoileanna. Mar shampla, in Learning Support Guidelines (2000) a d'eisigh an ROS, moltar tosaíocht a thabhairt do dhaltaí atá ag gnóthachtáil ag an 10ú peircintíl nó fúithi i léitheoireacht an Bhéarla agus/nó sa Mhata. Níl aon tagairt ann don Ghaeilge, mar ábhar, i scoileanna a bhfeidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Tá sé mar an gcéanna sa Tuaisceart.

⁹¹ Ní Chinnéide, op cit. Lch.154

⁹² Comhdháil Bhliantúil Ghaelscoileanna, Cill Chainnigh 21 Samhain 2009. Sa seisiún ar Riachtanais Speisialta Oideachais, pléadh saincheist na feasachta ag soláthraithe seirbhíse agus ba é an tuairim ghinearálta go bhfuil feasacht níos mó ag síceolaithe oideachais poiblí ar an oideachas trí mheán na Gaeilge ná mar atá ag síceolaithe atá fostaithe go príobháideach.

⁹³ Dréachtstraitéis NEPS (neamhfhoilsithe). 2009

⁹⁴ Tá RSO curtha san áireamh ag Comhairle na Gaelscolaíochta, áfach, ina ndoiciméad straitéiseach.

⁹⁵ Tá sé deacair cúinsí iomlána a leithéid de tharlúintí a dheimhniú gan ionchúr ó na páirtithe go léir, ach sna hagallaimh seo tháinig na tuismitheoirí a fhad leis an t-é a bhí faoi agallamh ag lorg comhairle - tuairim eile - maidir le cad é ba chóir dóibh a dhéanamh, agus cad é an 'chomhairle is fearr' maidir le an féidir le rannóg na Gaelscolaíochta tacaíocht a thabhairt do pháiste le RSO.

⁹⁶ Nic Gabhann, Tráchtas Máistreacht ar Riachtanais Speisialta Oideachais i nGaelscoileanna. .

97 An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta: Implementation Report: Plan for the Phased Implementation of the EPSEN Act 2004. Submitted to the Minister of Education and Science, 1 October 2006

98 I bplé leis an gcoiste comhairliúcháin agus le hoifigigh na Roinne Oideachais tugadh faoi deara nach bhfuil saincheisteanna polasaí agus cleachtas RSO mar chuid, de ghnáth, de thuairiscí cigireachta sa Deisceart. Sa Tuaisceart ní dhéantar tagairt i gcónaí do shaincheist soláthar RSO i scoileanna, ach tá sé ag éirí níos coitianta rannán air seo a bheith ann. In amanna is faoi cheannteideal na Ceannaireachta a bhíonn sé sa tuairisc chigireachta.

An gá atá le tacaíocht a thabhairt don Ghaeilge i scoileanna ina bhfuil na daltaí á dteagasc trí mheán na Gaeilge tá aitheantas don tacaíocht sin tábhachtach i gcomhthéacs leithdháileadh acmhainní.

Rud eile de, níl aon tagairt sa straitéis do RSO in Éirinn⁹⁷ d'oideachas trí mheán na Gaeilge. Bheadh sé ina chuidiú do ghairmithe seirbhíse trí chinntiú go bhfuil RSO san oideachas trí mheán na Gaeilge san áireamh mar dhlúthchuid den phleanáil i gcomhair RSO.

Dá mbeadh RSO ina ábhar scrúdúcháin i dTuairiscí Cigirí⁹⁸ d'fhéadfadh sé cuidiú le hathruithe agus leis an chleachtas is fearr a aithint.

Aguisíní

A chairde,

Tá taighde idir lámha ag POBAL, scátheagras phobal na Gaeilge lonnaithe i mBéal Feirste, maidir le riachtanais oiliúna agus tacaíochta d'earnáil na Gaelscolaíochta a bheadh de dhíth chun freastal ar dhaltáí le riachtanais speisialta. Ó 2001 ar aghaidh tá POBAL ag obair ar thograí le cur le feasacht agus le taighde ar riachtanais an pháiste dhátheangaigh agus, le maoiniú ó Roinn Oideachais TÉ ó 2006 - 2008, rinneadh taighde cuimsitheach Riachtanais an Pháiste Dhátheangaigh (Gaeilge-Béarla). Tá an tuairisc le foilsiú go luath ag an Roinn.

D'fhás an togra reatha seo as luath-thorthaí an taighde thuasluaite. Ach, tá an togra seo ag feidhmiú ar bhonn uile-Éireannach le maoiniú ón Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG). Tá sé ag díriú ar riachtanais oiliúna agus tacaíochta na múinteoirí sin atá ag freastal ar pháistí le riachtanais speisialta i nGaelscoileanna agus scoileanna sa Ghaeltacht, idir náionraí, bhunscoileanna agus mheánscoileanna.

Cé go bhfuil earnáil na Gaelscolaíochta go fóill measartha óg, tá méid ar leith taighde déanta anois. Tá na gnéithe seo a leanas le sonrú arís agus arís eile: easpa oiliúna praiticiúla do mhúinteoirí riachtanais speisialta; easpa treoirlínte chun plean tacaíochta a chur ar fáil do pháistí dátheangacha; easpa áiseanna, go háirithe scéim chéimnithe sa léitheoireacht; agus easpa trialacha caighdeánacha cuí.

Chomh maith leis seo, ní bhíonn i gcónaí réimse iomlán na seirbhísí tacaíochta ar fáil trí mheán na Gaeilge mar atá trí mheán an Bhéarla. Bíonn múinteoirí ar lorg comhairle agus ag déanamh tagartha do na pointí céanna:

- Comhairle agus cabhair ó shíceolaí chun plean tacaíochta a chur le chéile don pháiste go bhfuil buairt ann go bhfuil deacrachtaí foghlama aici/aige sa léitheoireacht nó riachtanais speisialta eile uirthi/air.
- Treoirlínte, agus níos mó eolais faoin dea-chleachtas idirnáisiúnta maidir le páistí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu.
- Treoir, bunaithe ar thaighde agus ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta maidir le tús na léitheoireachta i nGaeilge/i mBéarla.
- Oiliúint phraiticiúil agus chuí don Ghaeloideachas: oiliúint réamhsheirbhíse agus inghairme de dhíth chun tacú leis an bpáiste agus riar ar na dúshláin áirithe a bhaineann leis an tumoideachas agus an dara teanga.
- Áiseanna cuí, go háirithe céim chéimnithe sa léitheoireacht, agus áiseanna cuí don Mhata agus don Ghaeilge.
- Trialacha measúnaithe cuí.
- Ról an chúntóra ranga ag tacú le páistí le riachtanais speisialta.
- Comhairle na seirbhísí poiblí (agus an gá le tógáil ar fheasacht agus chumas maidir le dátheangachas/tumoideachas i measc na gcomhairleoirí)

Ní chuimsíonn na pointí seo gach gné den ábhar casta seo. Ach ba mhaith linn fáil amach cad é an tábhacht a bhaineann leis na gnéithe seo, do mhúinteoirí ranga agus do Ghaelscoileanna agus do scoileanna sa Ghaeltacht.

Déanann an pacáiste eolais iniata leis an litir seo cur síos ar cad atá ar fáil faoi láthair chun tacú le múinteoirí scoile agus iad ag freastal ar pháistí le riachtanais speisialta in earnáil na Gaeilge. Beidh an taighdeoir, Caroline Nolan, ag iarraidh bualadh libh (mar shampla ag comhdháil

Ghaelscoileanna Teo, ag Comhairliúchán ar 7 Deireadh Fómhair agus ag Fóram na bPríomhoidí, chun aiseolas a fháil uaibh). Agus bheimis an-buíoch díobh freisin más féidir libh aon eolas cuí sa bhreis a chur ar aghaidh chugainn. Tá liosta den eolas a bheadh ina chuidiú linn iniata leis an litir seo.

Janet Muller
Príomhfheidhmeannach

Bileog threorach – Uirlisí Measúnaithe – Áiseanna – Oiliúint – Soláthar Seirbhísí

Uirlisí Measúnaithe

Tá líon na n-uirlisí measúnaithe a cruthaíodh go sonrach, nó a oiriúnaíodh, do pháistí ag freastal ar Ghaelscoil nó i scoileanna na Gaeltachta á fhorbairt. Tá tábla de na huirlisí measúnaithe leagtha amach thíos. De bharr go bhfuil na huirlisí nua, níl sé indéanta athbhreithniú a dhéanamh orthu ag an bpointe seo ach is é an aidhm go mbeidh gach scoil ar an eolas, ar an gcéad dul síos, ar cad atá ar fáil. Bíonn éagsúlacht ar na tástálacha in aidhm agus i bhfreastal ar na riachtanais éagsúla. Roinnt de na tástálacha atá deartha mar mheasúnuithe don fhoghlaim, cé gur measúnuithe foghlama cuid eile.

Tá an gá le huirlisí measúnaithe cuí d'earnáil an Ghaeloideachais á chur mar cheist fhíorthábhachtach le tamall fada. Léiríonn an fháil fhorleathan ar ábhar measúnaithe agus uirlisí i mBéarla an dífríocht. Mar shampla, tá liosta os cionn 30 tástáil de ar fáil i mBéarla ar ghréasán na Seirbhíse Tacaíochta d'Oideachas Speisialta.

Cuirtear fáilte roimh dhul chun cinn atá ar siúl faoi láthair chun tástálacha oiriúnach do pháistí dátheangacha i nGaeilge agus i mBéarla a fhorbairt agus chun díriú isteach ar riachtanais ar leith na bpáistí a bhfuil Gaeilge mar mháthairtheanga acu. B'fhéidir go nglacfaidh sé céim bhreise chun roinnt de na tástálacha a dhéanamh oiriúnach do pháistí le riachtanais oideachais speisialta, ach i bhformhór na gcásanna, tá an chomhairle ann go bhfuil sé seo indéanta.

Tá ceisteanna níos leithne ann an gcomhlíonfaidh na tástálacha nua riachtanais na hearnála amach anseo. Níl sonraí inrochtana ar an raon de riachtanais speisialta san oideachas trí mheán na Gaeilge ar fáil i ndeisceart na hÉireann. Tá taithí an mhúinteora ranga lárnach ag iarraidh riachtanais oideachasúla an pháiste a aithint, agus freagra a thabhairt orthu. Is measúnuithe breise iad na tástálacha uirlisí. Mar sin féin, tá sé ráite i dtuarascálacha cigireachta i dTuaisceart Éireann go bhfuil gá le huirlisí measúnaithe chun an cleachtas is fearr a bhaint amach.

Uaireanta is cosúil go mbíonn an bhéim ar Riachtanais Speisialta Oideachais in earnáil na Gaelscolaíochta dírithe ar dheacrachtaí teanga. Mar sin féin, taispeánann taighde reatha ó Thuaisceart Éireann go bhfuil beagnach 70% de leanaí le RSO i suímh na Gaelscolaíochta (leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoileanna comhcheangailte) ina gcatagóirí míchumas foghlama ginearálta meánach (35%), mion-mhíchumais ghinearálta foghlama éadrom (19%), agus deacrachtaí foghlama sóisialta agus mothúchánacha (15%).

Liosta de na huirlisí measúnaithe

Tá **Trialacha Gaeilge Dhroim Conrach**, ullmhaithe ag **An bhForas Taighde ar Oideachas**, bunaithe ar mheasúnú ar léitheoireacht agus thuiscint, le gné bhreise le tomhas caighdeánach chumas an pháiste i gcomparáid le páistí ar chomhaois leis/léi i scoileanna Gaeltachta, nó i Gaelscoileanna eile, a sholáthar. Tá sraith 4 thástáil ann **do pháistí ó aois 5+ go dtí deireadh na bunscoile**. Is féidir leis an múinteoir an tástáil a riar agus a léiriú chomh maith, mar tá lámhleabhar ag dul leis. Beidh sé ar fáil ó Earrach 2010 ar aghaidh.

Forbraíodh an tástáil seo sa Deisceart. Dá bharr sin, níl sé go hiomlán oiriúnach, mar atá sé, don Ghaelscolaíocht sa Tuaisceart. Bhí cruinniú eolais ann leis an bhForas Taighde ar Oideachas ag fiosrú na bhféidearthachtaí chun iad a fhorbairt ionas go mbeadh sé oiriúnach sa Tuaisceart agus bhí an Foras dearfach go mbeidh sé indéanta, dá mbeadh an t-éileamh ann agus na háiseanna cuí ar fáil. Anuas air seo tá an Foras Taighde ar Oideachas ag féachaint ar an mbealach chun na trialacha seo a fhorbairt agus a dhéanamh oiriúnach do pháistí ag pointe iontrála don mheánscolaíocht, ag déanamh sainaitheanta ar riachtanais bhreise dóibh agus ar riachtanais bhreise páistí ag glacadh scrúduithe stáit.

Tá an tástáil **Measúnú Aonair Fáthmheasa Ábaltachta Léitheoireachta Bunúsáí (DIABRA)**, forbartha ag **Coiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath**, chun measúnú a dhéanamh ar **aithint**

focal agus scileanna fónaice i mBéarla. Tá **leagan ann a fhreastalaíonn ar an Ghaeilge (MAFÁLB)** agus ar an Pholainnis (IDOPUC) chomh maith. Is tástáil shimplí, an-chuimsitheach í. Tógann sé idir 1-2 uair an chloig oiliúna – chun an tairbhe is mó a bhaint amach as – ionas go mbeidh an múinteoir in ann an tástáil a riar agus a dhéanamh, mar is measúnú uirlis foghlama é. Go bunúsach, is tástáil í a dhéanann measúnú ar léamh focal an fhoghlaimeora agus leibhéal focal díchódaithe an fhoghlaimeora. Téann an múinteoir go córasach trí shraith de chártaí focal amháin, nó il-leathanaigh focal ag leibhéil ghrádaithe deacrachta, go dtí go n-aithnítear deacrachtaí le haghaidh idirghabhála (ainmneacha litreacha, amharc-fhocail, fuaimeanna litreacha, scileanna fónaice, fuaimniú srl). Ag an bpointe seo is féidir leis an múinteoir cuidiú láithreach a thabhairt don pháiste, nó an t-eolas a chruthú chun plean gearrthearma foghlama don pháiste. Is féidir leis a shocrú an tsraith tástálacha a úsáid le haghaidh aon aois nó ar an leibhéal inniúlachta, agus tá sí oiriúnach go háirithe do scoil Ghaeltachta nó Ghaelscoil, agus is féidir léi riachtanais foghlama a aithint go comhleanúnach sa dá theanga. Tá an tástáil cuí do pháistí ó aois 5+, nó nuair a thosaíonn an páiste ag léamh. Éilíonn sé go sonrach teagmháil duine le duine idir an múinteoir agus an páiste ach ní ghlacfadh seisiún meánach ach 5-10 nóiméad lena thabhairt chun críche. Eiseofar an tástáil i bhfoirm leictreonach le ceadúnas feadh an tsaol le cóipeanna aonair a phriontáil. Bíonn oiliúint ar fáil do ghrúpa 50 duine nó níos lú. Tuilleadh eolais ón údar, an Dr James Connolly, trí theagmháil a dhéanamh le Angela Coughlan, Riarthóir, ag psscodvec@online.ie

Tá forbairt agus píolótú déanta freisin ar shraith measúnuithe múinteoir-riartha ar fheidhmiú cognaíoch (Taca) agus ar litearthacht (TaLA) lena n-úsáid go comhaimseartha i roinnt Teangacha (arna n-áirítear Béarla agus Gaeilge). Tá na tástálacha seo go fóill chun dul faoi bhráid 'norm referencing/normthagartha'. Tá togra idir lámha freisin le trialacha teanga difreálacha a fhorbairt (féach BICS agus CALP, J. Cummins, 1979).

Forbraíodh An **Córas Idirghníomhach Measúnaithe Ríomhairithe** (InCAS) do Ghaelscoileanna i dTuaisceart Éireann ag an gComhairle ar Scrúduithe Curaclaim agus Measúnú (CCEA) a chomhlíonadh ceanglais ar gach scoil, ón scoilbhliain 2009-10 ar aghaidh, **le tástáil chaighdeánach a chur ar gach páiste i Léitheoireacht (aithint focal, díchódú focal agus tuiscint) agus Matamaitic**. Is measúnú a dhéantar ar ríomhaire é InCAS a chomhoiriúnaíonn le cumas do pháiste. Oibríonn sé mar seo. Beidh an chéad cheist oiriúnach d'aois an pháiste. Beidh na ceisteanna a leanann ag brath ar fhreagraí an pháiste; má bhíonn an freagra ceart, beidh na ceisteanna níos deacra agus má bhíonn an freagra mícheart beidh siad níos fusa. Beidh torthaí na measúnuithe ina gcuidiú ag múinteoirí le láidreachtáí do pháiste a shainaithint chomh maith leis na réimsí atá le feabhsú sa dóigh go mbeidh an teagasc agus an fhoghlaim araon fóirsteanach. Soláthraíonn na tástálacha ar ríomhairí le measúnú caighdeánaithe aitheantas focal, díchódú focal agus tuiscint i nGaeilge agus tá tástáil ar leith ann don mhatamaitic. **Tá tástáil ar leith do litriú ar fáil fosta, is tástáil toilteanach ach caighdeánach í an litriú.**

Faightear torthaí an mheasúnaithe láithreach. Fuair na múinteoirí oiliúint ar an gcóras nua ar feadh lá amháin agus tá Líne Chabhreach ar fáil. Tá sé oiriúnach **do pháistí idir 7-11 bliain d'aois** faoi láthair ach tá féidearthacht ann, go gearrthéarmach, go mbeidh sé oiriúnach don **earnáil iar-bhunscolaíochta** chomh maith mar tá sé 'trialta agus caighdeánaithe' **suas go 16 bliana d'aois**. Is féidir aon líon daltaí a mheas ag an am céanna ach bíonn ar an múinteoir súil a choimeád ar na daltaí chun a chinntiú go bhfuil siad ag tabhairt faoin gclár. Úsáideann na tástálacha Gaeilge Uladh agus baineann siad úsáid as cainteoir dúchais agus cainteoirí a d'fhoghlaim a gcuid Gaeilge. D'fhéadfaí an córas, ar chostas íosta, a leathnú ionas go mbeadh sé in úsáid ag na Gaelscoileanna sa Deisceart. Tá an moladh ann san Athbheithniú ar an nGaeilgeachas sa Tuaisceart (DENI, 2008) go mbeadh comhoibriú trasteorann ar uirlisí measúnuithe á fhorbairt. Tuilleadh eolais ar: www.nicurriculum.org.uk nó www.incasproject.org

Ag teacht amach as an obair seo, thuig CCEA go mbeadh **straitéisí tacaíochta feabhsúcháin** riachtanach chun cabhrú le múinteoirí le daltaí a bhaineann amach scór íseal. I Márta 2009 thosaigh CCEA sraith chruinnithe le príomhoidí scoile ag bailiú eolais ar cad atá ar fáil do dhaltaí le deacrachtaí

foghlama agus riachtanais speisialta agus na pleananna straitéiseacha a úsáideann na múinteoirí ar scoil. Tá an fhaisnéis seo comhordaithe agus tá sí ar fáil anois mar dhoiciméad comhairliúcháin laistigh den earnáil.

Foilsíodh **Áis Mheasúnaithe sa Luathlitearthacht** (AML) i 2005-06. Rinne Gabrielle Nig Uidhir, as **Coláiste Ollscoile Naomh Muire** an taighde. Is uirlis mheasúnaithe iontaofa í seo 'do mhúinteoirí lán-Ghaeilge ar mhian leo bheith ina mbreathnóirí éifeachtacha ar pháistí óga i mbun fhoghlaim na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta sa Ghaeilge' agus do 'mhúinteoirí lán-Ghaeilge a oibríonn ar bhonn indibhidúil le páistí a mbíonn deacrachtaí sealadacha acu le foghlaim litearthachta'. Tá cur síos ann faoi: Cad iad na straitéisí a úsáideann daltaí agus iad ag léamh? An bhfuil feasacht fhóinéimeach ag na daltaí? An gcloiseann siad na fuaimeanna (fóinéimí) ina seicheamh agus an bhfuil siad ábalta litreacha cuí a aimsiú do na fuaimeanna sin? Treoir don mhúinteoir. Tá an taighde ar fáil ar: <http://gtcni.openrepository.com/gtcni>

Clár Foghlama Ard-Tacaíochta: Ag éirí as an riachtanas le bogadh taobh anonn de thacaíocht litearthachta agus uimhearthachta, maidir le idirghabhálacha RSO, tá clár nuálach i **bhforbairt chognaíoch** forbartha ag Seirbhís Thacaíochta Síceolaíche CGO Chontae Bhaile Átha Cliath.. Tá **scéim phíolótach trí mheán na Gaeilge** réidh le tosú i gColáiste Feirste i mBéal Feirste, ach an cistiú bheith ar fáil. Cé go dtig an Clár Foghlama Ard-Tacaíochta (CFAT) seo a achoimriú mar **dhianclár cúlú grúpa** a dhíríonn ar **pháistí a thiteann faoin dara peircintíl** (de ghnáth le scór is lú ná 70 ar theist SI), tá an clár thar a bheith sofaisticiúil agus inoiriúnaithe lena úsáid le daltaí (i scoileanna nó in ionaid eile) "a bhain amach na critéir" i gcomhair dhiagnóis Dheacrachtaí Ginearálta Foghlama, éadrom nó measartha ardfheidhmitheach¹ (mar a thuigeann ROS) nó a bhfuil Riachtanais Bhreise Foghlama suntasacha acu ag éirí as dála eile, AD(H)D, mar shampla, Ilghnéitheacht Chultúrtha nó Theangach, Míbhuntáiste Socheacnamaíoch, nó stair ascailte ón scolaíocht thraidisiúnta. Thig an clár a chur ar fáil tríd an Ghaeilge, an Bhéarla, nó go dátheangach in aon phéire teangacha ina bhfuil an fhoireann inniúil (tharla ar ócáidí gur éirigh le daltaí rannpháirteacha **le taithí** an clár a reáchtáil iad féin gan pháirt ag daoine fásta ach maoirseacht sláinte agus sábháilteachta). Ag CGOCBC a forbraíodh an clár, le 9 mbliana anuas, le cistiú ROE, ag Dr Jim Connolly, síceolaí cairte, agus foireann 16 síceolaí agus múinteoirí Riachtanais Speisialta Oideachais. Tairgeadh an clár bunaidh, a soláthraíodh tríd an Bhéarla, do bhreis agus 40 dalta Ógtheagmhála agus Ionaid Oilíúna Lucht Siúil le CGO Chontae Bhaile Átha Cliath, ó 2001 agus cuireadh tuarascáil ar thorthaí daltaí i láthair ag Comhdháil Bhliantúil Chumann Síceolaíoch na hÉireann i mí na Samhna 2004.

Is as feidhmiúchán dian córasach de theoiric oideachais agus foghlama a bhfuil glacadh léi (in áit as roinnt cleachtaí coitianta oideachasúla) a thagann ábhar agus modheolaíocht an CFAT, agus é modhnaithe ag an taighde is nua-aimseartha síceoidheasúil. Tá lámhleabhar an chlár agus córas oilíúna d'éascitheoirí á gcríochnú i láthair na huair ag an fhoireann PSS faoi threoir Elaine O'Brien, Síceolaí Oideachasúil. Cé gur do pháistí agus do dhaoine óga fásta sna hearnálacha iar-bhunscoile agus breisoideachais a dearadh go háirithe é, d'fhéadfaí é a úsáid i mbunscoileanna chomh maith. Tá **scéim phíolótach trí mheán na Gaeilge** réidh le tosú i gColáiste Feirste i mBéal Feirste, ach an cistiú bheith ar fáil. Tá CCEA ag éascú oibríúchán an tionscadail a d'fhéadfaí a chur ar fáil d'earnáil an Bhéarla (sa Tuaisceart) ag leibhéal bunscoile nó iar-bhunscoile. Ar comhuain, tá clár píolótach pleanáilte do Choláiste Pobail Ráth an Déagánaigh, scoil dara leibhéal i gceantar dian-mhíbhuntáiste socheacnamaíche i gContae Bhaile Átha Cliath.

Is clár ardstruchtúrtha an CFAT, réamhleagtha ar sholáthar 12 idirghabháil spriocdhírthe (i bhfoirm Eispéireas trí Mheán Foghlama, EMF) i seisiún 2 go 3 uair, do ghrúpa beag measctha comhfhoghlaimoír (tuairim is 6 dalta agus 3 éascitheoir) roinnt uaireanta sa tseachtain, ag brath ar na dála. Maireann gach ceann den 12 (amaithe) idirghabháil 10 nóiméad go beacht agus coinnítear go dian an meon

¹ Tá difear sa téarmaíocht a úsáidtear thuaidh agus theas le deacrachtaí foghlama ginearálta meánach agus éadrom a shainmhíniú. Páistí a shainmhínítear ina bpáistí le deacrachtaí foghlama ginearálta éadrom sa Deisceart, i dTuaisceart Éireann sainmhínítear iad, de réir na téarmaíochta, le deacrachtaí foghlama ginearálta meánach, Baineann an tuairisc seo úsáid as téarma nua 'riachtanais breise oideachais' (additional educational needs) in ionad riachtanais speisialta oideachais. Tá an téarma seo ag iarraidh coincheap níos leithne agus níos uileghabhálaí a chur trasna.

grúpfhoghlama dearfach. Tá na héascaitheoirí (de ghnáth Síceolaí, múinteoir RSO, agus cúntóir seomra rang), gach duine acu cáilithe, le taithí agus scileanna, agus oilte mar is cuí ina gceird agus oilte go háirithe in idirghabháil CFAT. Táthar ag dúil gur foireann **Sheirbhís Thacaíochta Síceolaíche CGO Chontae Bhaile Átha Cliath**, i gcomhar le síceolaithe, a chuirfeadh seo ar fáil. Is é atá san oiliúint ionchur teoiriciúil (comhpháirt threoshuímh) agus céim phrintíseachta (comhpháirt chleachtas) ag leanúint na foirne reatha soláthair, faoi threoir ag Dr Jim Connolly.

Measúnaíonn Síceolaí Oideachasúil foghlaimeoirí ionchais CFAT, agus cuirtear agallamh ar a dteaghlach, sula dtig leo áit a thógáil ar an chlár agus déantar athmheasúnú tar éis fhreastal 2 bhliain. Rinneadh breithmheas chéad thimthriall 3 bliana an chlár i 2004 agus thaispeáin sé gur léirigh na daltaí sin uile a d'fhreastail go seasmhach SI méadaithe agus scóir mhéadaithe litearthachta agus uimhearthachta ag deireadh an chlár, agus cuid acu a ardaíodh go dtí an raon meánach. D'aithin gnáthfhoireann mhúinteoireachta na n-ionad athruithe soiléire mana don oideachas agus d'fhorbairt iniúilachtaí forshóisialta (gan iarraidh) mar fhothorthaí rannpháirtíochta sa chlár.

Tá **Ollscoil na Banríona, Béal Feirste** ag obair ar bhonn **tástála cuimhne cognaíche** i nGaeilge. Ba chóir go mbeadh sé réidh i rith 2010.

Tá daoine eile ag obair ar uirlisí measúnuithe eile a dhéanamh oiriúnach don Ghaeloideachas. Tá mic léinn dochtúireachta i gColáiste na Tríonóide agus in Ollscoil Bhaile Átha Cliath ag obair ar uirlisí diagnóiseacha d'uathchhas agus displéice.

Tábla d'uirlisí measúnaithe

Soláthraí Trialach:	Dírthe ar:	Fócas ar:	Céim forbartha: /	Oiliúint/Costais/ Tuairim:
Trialacha Choláiste Phádraig, Droim Conrach	Bunscoileanna 4 leibhéal	Tuiscint, léitheoireacht agus éisteacht	Réidh don scoilbhliain 2009-2010	Gan bheith deartha go sonrach chun RSO, ach d'fhéadfaí a mhodhnú go héasca chun na críche sin.
Trialacha Choláiste Phádraig, Droim Conrach	Meánscolaíocht	Tuiscint, léitheoireacht agus éisteacht	Tús leis an togra seo, Bealtaine 2009	
Comhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (CCEA) InCAs as Gaeilge	Daltaí 4-16 d'aois	Measúnú ar ríomhaire ar léitheoireacht (éisteacht, tuiscint agus cognaíocht) agus matamaitic	Réidh don scoilbhliain 2009-2010	D'fhéadfadh siad bheith oiriúnach do RSO ag leibhéal iar-bhunscoile
CCEA Straitéisí Feabhúscháin InCAs	Daltaí 4-16 bliain d'aois	Soláthar straitéisí teagaisc do pháistí le deacrachtaí foghlama i nGaeilge	Comhairliúchán agus sraith chruinnithe le príomhoidí chun straitéisí cleachtas níos fearr a aithint. Tús Márta 2009	Straitéis chomhairliúcháin -
Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste	Bunscolaíocht	Measúnú thús na léitheoireachta	Ar fáil	
Coiste Gairmoideachais Bhaile Átha Cliath	Clár Ard-Tacaíochta Foghlama 12-17 d'aois	Dianchúrsa do pháistí le mion- mhíchumais ghinearálta foghlama	Scéim phiólótach (i mBéarla). Tosaíonn scéim phiólótach (i nGaeilge) i mBéal Feirste, Meán Fómhair 2009	
Coiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath TACA	Do dhaltaí ilteangacha 4-16 bliain d'aois	Ag forbairt tástáil measúnaithe cognaíche ar pháistí i nGaeilge nó i mBéarla, nó i nGaeilge agus i mBéarla	Píolótú ar riachtanais ach tá sampla níos mó ag teastáil.	
Coiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath Diabra	5-16 bliain d'aois	Léitheoireacht agus tuiscint i nGaeilge Aithníonn an próiseas tástála an plean foghlama.	Ar fáil	Oiliúint (10-20 nóiméad)

Áiseanna

Tosaíocht: scéim léitheoireachta ghrádaithe

Tá saghas 'Catch-22' ann maidir leis na háiseanna atá ar fáil chun freastal ar pháistí le riachtanais speisialta in earnáil na Gaelscolaíochta. Téann easpa áiseanna cuí i bhfeidhm ar an gcinneadh chun tacaíocht foghlama a dhéanamh trí Bhéarla agus, is cosúil, dá bharr seo, go mbíonn an argóint ann nach bhfuil aon éileamh le haghaidh ábhar i nGaeilge. Mar sin féin, tá an t-éileamh ar ábhar léitheoireachta grádaithe mar phríoracht ag earnáil na Gaelscolaíochta ar feadh tréimhse an-fhada. Rinneadh iniúchadh agus suirbhé ag Coláiste Ollscoile Naomh Muire i mBéal Feirste ar na hacmhainní atá ar fáil don aoisghrúpa páistí ag tosú ag léamh (ní raibh sé ag amharc ar pháistí le riachtanais speisialta go háirithe) agus beimid á phlé sin thíos. Tá moltaí eile déanta le haithint go bhfuil easpa ábhar tacaíochta ag an leibhéal iarbhunscoile freisin. Cé go raibh taighde Choláiste Mhuire bunaithe ar Ghaelscoileanna i dTuaisceart Éireann tugann sé léargas luachmhar ar chur i bhfeidhm praiticiúil an ábhair atá ann cheana féin, agus próifíl ar cad atá ag teastáil. Tá an moladh ann go mbeidh ábhar oiriúnach do luathbhlianta agus go bhfuil gá práinneach le scéim nua do pháistí ag tosú ag léamh. Na príomhbhearnaí a aithníodh sna hábhair atá ann ná: ábhar ar fhónaich, easpa éagsúlachta, fuaimniú, dearadh seanaimeartha, agus gá le CDanna le haghaidh úsáid bhaile, gan na téacsanna a uasghrádú, srl.

Ag cur ceiste ar na príomhfhoilsitheoirí (mar shampla An Gúm, An tÁisaonad, nó gréasáin eile ag soláthar acmhainní, mar shampla, www.pdds.ie (seirbhís fhorbairt ghairmiúil bhunscoile), www.slss.ie, (láithreán nua chun acmhainní a chur ar fáil do mheánscoileanna) níl aon phlean acu go sealadach le haon rud a dhéanamh dírithe ar pháistí le riachtanais speisialta, cé go bhfuil an tÁisaonad ag iarraidh dul chun cinn a dhéanamh leis an togra thuasluaite. Tá CCEA, i gcomhairle leis na príomhoidí i dTuaisceart Éireann, ag obair ar straitéis feasacháin mar a luamar cheana féin.

Ach, ón iniúchadh atá déanta againn, tá sé soiléir go bhfuil na múinteoirí ag ullmhú a n-ábhar féin chun cabhrú lena ndaltaí le riachtanais speisialta oideachais. Cé go bhfuil ábhar lámhdhéanta ullmhaithe go minic ag na múinteoirí féin, in ainneoin gan na hacmhainní cuí chun é a dheardh agus caighdeán foilsithe gairmiúla a bhaint amach, is áis luachmhar é don earnáil. Dá bhrí sin, agus chun cúnamh a thabhairt do mhúinteoirí, ba mhaith linn go mbeadh sáriarracht ann eadrainn leis an ábhar seo a bhailiú mar chéim chosmhuintire. Ní bhainfear aon úsáid as aon ábhar gan cead a fháil ón scoil agus ón mhúinteoir ar dtús. Ar shlíe tá tús curtha air seo le CCEA, i gcomhpháirt leis na Gaelscoileanna i dTuaisceart Éireann, ag cur straitéisí feabhsúcháin le chéile chun cabhrú le páistí le deacrachtaí foghlama. Bhí an tosaíocht chéanna ag Gaeleagras um Shainriachtanais Oideachais (GESO), eagraíocht dheonach a thugann tacaíocht do pháistí le riachtanais speisialta, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí. Ar shuíomh s'acu, www.gesoeire.com, tá roinnt áiseanna foghlama. Táimid ag iarraidh ar na scoileanna ar fad, ach go háirithe na scoileanna i ndeisceart na hÉireann, cuidiú linn. Ba chúis aiféala dúinn go léir é dá mbeimis ag déanamh athbhreithniú ar na háiseanna i gceann trí nó cúig bliana gan aon chéim chun tosaigh bainte amach againn. Ná bíodh buairt oraibh go bhfuil do nótaí lámhdhéanta 'garbh'. Bainfidimid leas as cad atá againn. Beidh sé mar chuid den thaighde seo féachaint ar an bpróiseas is fearr chun an t-eolas seo a chur le chéile, a fhorbairt agus teacht ar an ngréasán is oiriúnaí chun é a scaipeadh. Beidh na moltaí seo laistigh don straitéis ghearrthéarmach.

Oiliúint

Is é an tosaíocht is mó ná go mbeadh an oiliúint ag múinteoir ranga/stiúrthóir chun daltaí le riachtanais speisialta oideachais a aithint agus go mbeadh na scileanna acu chun tacú leo sa rang. Tá ról an chúntóra ranga tábhachtach sa chomhthéacs seo freisin. Tá na moltaí ann go bhfuil gá le níos mó oiliúna, ag réamhsheirbhís agus ar leibhéal inseirbhíse. Tá na moltaí seo ag teacht as suirbhéanna, as ceardlanna agus as taighde ag aithint go bhfuil na múinteoirí níos óige agus go bhfuil níos mó príomhoidí le níos lú taithe in earnáil na Gaelscolaíochta i gcomhréir leis an earnáil go ginearálta. Gan amhras, beidh na huirlisí measúnaithe ina gcuidiú ag tacú le múinteoirí riachtanais speisialta a aithint, nó a dheimhniú sa rang ach bíonn taithe ina mhúinteora ranga lárnach don phróiseas iomlán.

Tá moltaí nua ag an Roinn Oideachais ó thuaidh maidir le hathstruchtúrú ar an gCód Cleachtas do Riachtanais Speisialta Oideachais chun freastal ar riachtanais bhreise² oideachais na ndaltaí sa scoil. Sheol siad na moltaí seo, An Bealach Chun Tosaigh do Riachtanais Speisialta Oideachais agus Chuimsiú, Lúnasa 2009, agus tá béim láidir ar oiliúint do mhúinteoirí de bharr go bhfuil sé molta go mbeadh cúraimí níos láidre ar na scoileanna ar éagsúlacht riachtanas a aithint, a mheasúnú, agus ar na cláir thacaíochta seachadta a phleanáil. Bheadh buiséad áirithe ag dul leis seo, ionas go mbeadh níos mó solúbthachta ag na scoileanna chun tacú le páistí le riachtanais bhreise.

Tá roinnt forbairtí sna réimsí seo, atá nasctha le saincheisteanna ar pholasaí agus sheirbhísí tacaíochta. Tá dearadh amháin ann gur cheart an oiliúint a bheith ann mar chuid dhílis de na modúil agus ábhar an chúrsa agus dearadh eile ag mholadh modúl lárnach éigeantach ag coláistí oiliúna múinteoirí. Tá Comhairlí Teagaisc ó thuaidh agus ó dheas ag forbairt cuspóirí polasaí bunaithe ar leanúnachas forbartha oideachais ghairmiúil – an coincheap seo ná foghlaim leanúnach trí ionduchtú tosaigh, agus san oiliúint inseirbhíse.

Sa Tuaisceart, léiríonn tuairisc thaighde POBAL, *Sainriachtanais an Pháiste Dhátheangaigh (Gaeilge-Béarla)* go bhfuil tacaíocht luachmhar óna gcúntóirí ranga i nGaelscoileanna agus go bhfuil tuilleadh oiliúna riachtanach chun an deis is fearr a thapú as an tacaíocht seo. Is léir, ón chúrsa a bhí ar siúl ag Gréasán Éireannach na bPríomhoidí Bunscoile (PPNS) *Ag Bainistiú Cúntóirí Riachtanais Speisialta, sa tóir ar an ndea-chleachtas*, i rith an tsamhraidh go bhfuil na pointí céanna a phlé ó dheas. Anuas air seo tá athbhreithniú, Luach ar Airgead, ar siúl ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta faoi láthair ar ról na gcúntóirí ranga, le himpleachtaí nua ann don earnáil.

Cé go bhfuil roinnt cúrsaí oiliúna ar fáil cheana féin tá dhá shaincheist tosaíochta i gcás earnáil na Gaelscolaíochta oideachais, eadhon: -

- Inrochtaineacht na gcúrsaí do mhúinteoirí i scoileanna beaga tuaithe ina ndéanann an t-achar tíreolaíoch agus an easpa chlúdach ionadaithe oiriúnacha an freastal deacair, agus
- An easpa oiliúna agus ábhair a bhaineann leis an nGaeloideachas, go háirithe riachtanais speisialta agus tumoideachas, agus riachtanais agus sealbhú an dara teanga.

Tá moltaí curtha ar aghaidh chun oiriúnú a dhéanamh ar an Dioplóma/Teastas san Oideachas

² Baineann an tuairisc seo úsáid as téarma nua 'riachtanais breise oideachais' (additional educational needs) in ionad riachtanais speisialta oideachais. Tá an téarma seo ag iarraidh coincheap níos leithne agus níos uileghabhálaí a chur trasna

Speisialta/Oideachas Uileghabhálach ar-líne, atá ar fáil ag Coláiste Naomh Pádraig agus an Institiúid Oideachais Leanaí agus Síceolaíochta, chun é a dhéanamh níos oiriúnaí le haghaidh oideachais trí mheán na Gaeilge. Tá sé dírithe ar mhúinteoirí ranga i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Táimid dóchasach go mbeidh siad ábalta cur leis ionas go mbeadh sé ábhartha do gach Gaelscoil agus scoileanna Gaeltachta, ag cur san áireamh na mbeartas éagsúil i gcomhthéacsanna thuaidh/theas. Gan dabht, braitheann sé ar thuilleadh acmhainní. Ach bhí cruinniú eolais ann eatarhusan agus COGG, Comhairle na Gaelscolaíochta agus Coláiste Mhuire agus bhí siad dearfa go mbeadh sé ar chumas acu é a dhéanamh bunaithe ar thairiscint mhodúil bhreise ar an tumoideachas/foghlaim an dara teanga agus riachtanais speisialta oideachais agus chun a chinntiú go bhfuil gnéithe idirghníomhacha an chúrsa – teagascóirí, duine le duine ina mbeadh tacaíocht piara agus gréasáin tacaíochta – trí mheán na Gaeilge, chomh maith mar líne ar eochairléachtaí beo. Faoi láthair tá 4 mhodúl ann, eadhon; uathachas; tuiscint (éifeacht bainistíochta agus straitéisí teagaisc); disléicse; agus iompar dúshlánach agus mion-mhíchumais ginearálta foghlama.

De ghnáth ritheann na 4 mhodúl thar 18 mí chun Teastas a bhaint amach, nó, le tráchtas, Dioplóma Speisialta/Oideachas Uileghabhálach. Tá tuilleadh eolais le fáil ó: <http://www.spd.dcu.ie/main/administration/admissions/documents/FAQ.pdf>

Léiríonn an fhianaise go léir an tábhacht atá le riachtanais speisialta a aithint go luath. Ach, tá soláthar na luathbhlianta foghlama beagnach iomlán scartha as an oiliúint, acmhainní agus na seirbhísí seachadta. Ag aithint na faidhbe seo, tá an Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (DENI) ag moladh, sa doiciméad comhairliúcháin, Gach Scoil ina Scoil Mhaith (Lúnasa 2009), gur chóir go mbeadh na soláthraithe réamhscolaíochta laistigh de chreat an athbhreithnithe.

Níl an chéim sin déanta ó dheas agus níl na seirbhísí réamhscolaíochta faoi chúram An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Ina dtuarascáil a chur chun feidhme (2006), ag teacht amach as Acht EPSEN, níl oideachas réamhscoile ar a dtéarmaí tagartha. Faoi oiliúint Chúram Leanaí, NVQ agus FETAC oiliúna, tá modúil ar Riachtanais Speisialta Oideachais ach níl na modúil seo éigeantach ar an oiliúint. Ó na staitisticí ag Forbairt Naíonraí Teo bíonn idir 5-10% leanaí, ag brath ar iontógáil bhliantúil leanaí, ag freastal ar naíonra i láthair le riachtanais oideachais speisialta fisiciúla.

D'eagraigh Múinteoras, i gcomhar le hOllscoil Luimnigh cúrsaí ar Riachtanais Oideachais Speisialta le haghaidh oideachais trí mheán na Gaeilge. Mar sin féin, cé go bhféadfaí an cúrsa seo a chur fáil i nGaeilge is dócha nach mbeidh sin indéanta gan mhaoiniú. Bíonn seisiún feasachta ag ALTRAM (ó thuaidh) ar riachtanais oideachais speisialta fisiciúla.

Soláthar seirbhísí

Cé go bhfuil go leor saincheisteanna a bhaineann le soláthar seirbhísí do pháistí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu laistigh de Ghaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta is iad na saincheisteanna tosaíochta a ardaíodh arís agus arís i dtuarascálacha éagsúla ná:

- An gá le treoirínte ag leibhéal polasaí.
- An gá le treoir ó na soláthraithe seirbhíse maidir le gnéithe áirithe de riachtanais speisialta oideachais agus foghlama tumoideachais, riachtanais speisialta oideachais agus shealbhú an dara teanga, srl. – (an gá le tógáil ar fheasacht agus chumas maidir le dátheangachas/tumoideachas i measc na gcomhairleoirí). Go minic bíonn an chéad teagmháil leis na seirbhísí teiripeoir cainte agus, mar sin de, is seirbhís eochairthosaíochta é don earnáil.
- An gá le seirbhísí teiripeoir cainte i nGaeilge.
- An gá le feasacht agus tuiscint ar an dátheangachas agus ar an tumoideachas ag na

soláthraithe seirbhíse ionas go mbeidh siad ábalta na páistí a mheas i gcomhthéacs na scoile, an teaghlaiigh agus an phobail áitiúil.

Ón fhaisnéis uile atá ann is léir gur mhaith le múinteoirí agus tuismitheoirí feabhas a fheiceáil sa chóras reatha. Tá éileamh ag méadú ar na seirbhísí seachadta i gcónaí agus, is léir, go bhfuil a gcuid acmhainní teoranta. Ar an drochuair bíonn easpa acmhainní agus easpa airgid chun tosaigh, beag beann ar an aeráid eacnamaíochta.

Léiríonn an fhianaise go bhfuil thart ar 20% de na páistí go léir in oideachas ag fáil tacaíocht bhreise ag leibhéal áirithe le linn a gcuid ama sa scoil. Le breis is 50,000 páiste san oideachas trí mheán na Gaeilge, léiríonn sin go bhfuil 7,000+ páistí ar féidir go bhfuil gá acu le tacú riachtanas speisialta.

Tá sé deacair taighde comhaimseartha, cuimsitheach agus doiciméadaithe a fháil maidir le héifeachtacht an oideachais dhátheangaigh do pháistí a diagnóisíodh le Riachtanais Speisialta Oideachais. Léirigh an léirmheas litríochta mór, coimisiúnaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA), *Teanga agus Litearthacht i mBunscoileanna Gaeilge: Athbhreithniú ar Litríocht, 2006* go raibh éagsúlacht mhór idir an cleachtas teagaisc tumoideachais ar fud an domhain, agus go bhfuil gá le staidéar taighde cuimsitheach le cur i gcrích, sula mbeadh sé indéanta cur síos ar dhea-chleachtais in Éirinn. Bunaithe ar an léirmheas (2007) ar an taighde teoranta atá ar fáil maidir le riachtanais speisialta oideachais agus foghlaim dhátheangach/foghlaim tumoideachais, tá sé ráite ag an tSeirbhís Síceolaíochta Oideachais Náisiúnta (NEPS):

1. d'fhéadfadh nach mbeadh aon bhuntáiste i mbogadh páiste ó Ghaelscoil go scoil lán-Bhéarla de bharr deacrachtaí foghlama ar leith
2. d'fhéadfadh nach mbeadh aon bhuntáiste ag athrú páiste ó Ghaelscoil go scoil lán-Bhéarla de bharr cumas intleachta
3. ní gá glacadh leis nach féidir le páistí le neamhord teanga bheith dátheangach.

Tá na ráitis seo srianta de bharr go bhfuil gá le cás gach páiste a mheas ar chúinsí ar leith. Ach tá fáilte roimh thuarascáil nua NEPS ag cur polasaí nua le chéile maidir lena gcuid seirbhísí seachadta d'earnáil na Gaelscolaíochta. Cruthaíonn sé feachtas níos mó i measc na soláthraithe seirbhíse.

Cé nach bhfuil freagraí soiléire ar na ceisteanna maidir le sealbhú an dara teanga, agus go háirithe an cheist maidir le hord na n-imeachtaí ag páistí ag sealbhú teanga, is cosúil go dtugann na treochois is déanaí sa taighde le fios go bhfuil níos mó béime á cur ar an bpróiseas forbartha chun scileanna teanga inaistrithe a fhoghlaim. De réir na teoirice seo, ní bhíonn an páiste ag tosú 'as an úr' ag foghlaim an dara teanga ach ag cur leis na scileanna a d'fhoghlaim sé/sí chun na céadteanga. Is féidir leat é a shamhlú mar chrann. Cruthaíonn an chéad teanga an stoc crainn, na craobhacha agus na duilleoga. Baineann an dara teanga úsáid as an stoc crainn chéanna agus go leor de na craobhacha céanna agus cuireann sé leo. Dá réir seo bíonn an bhéim ar na bealaí chun scileanna foghlama teanga, seachas an teanga a úsáidtear, agus d'fhéadfadh sin díospóireacht nua a chruthú san earnáil. Tá sé beartaithe againn dul i dteagmháil le soláthraithe seirbhíse agus príomhpháirtithe eile ó thuaidh agus ó dheas chun tuilleadh plé agus feachtas timpeall na gceisteanna seo.

Cé hiad? Róil tacaíochta lucht RSO i scoileanna

Tá grúpaí éagsúla de mhúinteoirí cáilithe atá ag obair sa chóras a roinneann freagracht, in éineacht leis an mhúinteoir ranga, d'oideachas páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Mar shampla: an Múinteoir Tacaíochta Foghlama, an Múinteoir Acmhainní Oideachais Speisialta, Múinteoirí ar Cuairt, an Múinteoir Tacaíochta teanga, an Múinteoir Tacaíochta agus an Múinteoir Acmhainní. Tá Cúntóirí Riachtanas Speisialta (SNA) ann chomh maith. Tá mionchur síos foirmeálta de gach ceann de na róil seo thíos anseo.

Cuidíonn **Múinteoirí Tacaíochta Foghlama** (Múinteoirí Feabhais mar a bhí sa Deisceart) le páistí a ndeirtear ina leith go bhfuil deacrachtaí foghlama acu, agus cuireann na múinteoirí seo tacaíocht oideachais ar fáil do pháistí le RSO, go háirithe páistí le displéice agus Míchumas Foghlama Ginearálta Éadrom Teorannach. Bheadh múinteoir (lánaimseartha nó páirtaimseartha) sainithe ag gach bunscóil) agus ag a lán meánscoileanna. **Sa Tuaisceart** is ag an Bhord Oideachais agus Leabharlann atá Múinteoirí Tacaíochta fostaithe. Féadfaidh an múinteoir seo cuidiú leis an pháiste go díreach nó féadfaidh sé/sí tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí i scoileanna.

Tá **Múinteoirí Speisialta Acmhainní Oideachais** (sa Deisceart) bainteach go príomha le seirbhísí a sholáthar do pháistí atá measúnaithe agus a bhfuil riocht RSO acu. Bíonn siad fostaithe i mbunscóileanna. Níl an ról chomh soiléir leis an Mhúinteoir Tacaíochta Foghlama, agus dá bhrí sin bíonn struchtúir éagsúla tacaíochta ann i scoileanna éagsúla. De ghnáth tugann na múinteoirí seo tacaíocht do pháistí lena mbaineann liosta coinníollacha speisialta na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.¹ Is é an mhórdhifríocht idir Múinteoir Acmhainne agus Múinteoir Tacaíochta Foghlama ná am. De ghnáth faigheann páistí níos mó ama sa tseachtain ó mhúinteoir acmhainne, b'fhéidir 2 uair an chloig sa lá.

Tugann **Múinteoirí ar Cuairt** (sa Deisceart) tacaíocht do pháistí a bhfuil lagú amhairc nó éisteachta acu.

Oibríonn **Múinteoirí Tacaíochta Teanga** (sa Deisceart) le páistí chun scoileanna teanga a fheabhsú. Réimse measartha nua sa teagasc tacaíochta is ea é seo chun freastal ar pháistí nach í an Béarla an chéad teanga acu, ach tá an clár i scoileanna sa Ghaeltacht fosta. De ghnáth glactar leo mar acmhainn luachmhar do na scoileanna.

Cuireann **Múinteoirí Tacaíochta** (sa Deisceart) seirbhísí tacaíochta ar fáil do pháistí a bhfuil suaitheadh mothúcháinach orthu atá dian go leor le cur isteach ar a gcuid foghlama agus ar fhoghlaim a gcomhdhaltaí. Tá an mhórchuid acu lonnaithe i mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Cúntóirí Riachtanas Speisialta (SNA). Sa Deisceart ní gá do SNA bheith ina mhúinteoir láncháilithe chun an ról a ghlacadh. 3 phas ag an mheánteastas atá riachtanach chun an post a fháil, cé go bhfuil céimeanna agus cáilíochtaí ardoideachais ag a lán SNA. Sonraítear i bpolasaí nach é a ról san freagracht dhíreach a ghlacadh as múinteoireacht, ach bheith ag obair faoi mhaoirseacht dhíreach

¹ I bplé leis an gcoiste comhairliúcháin agus le hoifigigh na Roinne Oideachais tugadh faoi deara nach bhfuil saincheisteanna polasaí agus cleachtas RSO mar chuid, de ghnáth, de thuairiscí cigireachta sa Deisceart. Sa Tuaisceart ní dhéantar tagairt i gcónaí do shaincheist soláthar RSO i scoileanna, ach tá sé ag éirí níos coitianta rannán air seo a bheith ann. In amanna is faoi cheannteideal na Ceannaireachta a bhíonn sé sa tuairisc chigireachta.

an mhúinteora ranga. Tá clár oiliúna curtha ar bun ag an ROS do SNAanna. Níl gach páiste le RSO i dteideal cúntóir riachtanas speisialta agus tá mór-athbhreithniú ar luach ar airgead ar siúl ar na seirbhísí seo ar siúl ag an ROS.

Sa Tuaisceart, má tá níos mó cuidiú de dhíth ar dhalta ná mar atá réasúnta a bheith ag dréim le múinteoir a thabhairt dó, is féidir Cúntóir Scoilbhunaithe a chur ar fáil. Ag brath ar na riachtanais speisialta oideachais atá ag dalta, féadfaidh scoil cúntóirí éagsúla a chur ar fáil. Mar shampla, tá cúntóirí ranga, cúntóirí ginearálta, cúntóirí feighle agus cúntóir tacaíochta foghlama. Oibríonn cúntóir faoi stiúir ghinearálta phríomhoide na scoile.

Tá **Oifigigh Riachtanas Speisialta Oideachais (SENO)** (sa Deisceart) fostaithe chun scoileanna a chomhordú agus comhairle a chur orthu ag an leibhéal áitiúil maidir le soláthar seirbhísí RSO. Tá thart faoi 80 SENO sa tír faoi láthair. De ghnáth sainítear an SENO ar bhonn ceantair, cé go bhfuil soláthar ann chun iad a shainiú do chineál áirithe scoile.

Comhordaitheoir Riachtanais Speisialta Oideachais (SENCO) (sa Tuaisceart) Caithfidh gach scoil deontaschúnta SENCO a bheith acu. Ball foirne is ea an SENCO agus tá freagracht air/uirthi as soláthar do riachtanais speisialta oideachais. I scoil bheag d'fhéadfadh sé gurb é an príomhoide an SENCO. Tá an SENCO freagrach as: feidhmiú pholasaí RSO na scoile ó lá go lá, agus is é an duine seo an nasc chuig seirbhísí seachtracha isteach sa scoil. Deimhníonn an SENCO go gcloíonn an scoil leis an chlár agus cuireann an duine seo cuidiú agus comhairle ar fáil don mhúinteoir ranga maidir le measúnuithe, pleanáil, athbhreithniú ar an pháiste le riachtanais speisialta oideachais.

Oifigeach Ainmnithe (sa Tuaisceart) Tá an Próiseas Reachtúil Measúnachta casta agus bíonn sé deacair in amanna do thuismitheoirí é a thuiscint. De ghnáth bíonn duine ainmnithe ag Rannóg an Oideachais Speisialta de Bhord Oideachais agus Leabharlann, duine atá in ann comhairle a thabhairt maidir leis na daoine ábhartha atá in ann cabhrú, agus comhairle agus tacaíocht a thabhairt le linn phróiseas an mheasúnaithe.

Gluais

ADHD	Attention deficit hyperactivity disorder <i>(NHEA) Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde</i>
ASD	Autistic spectrum disorder <i>Neamhord ar speictream an uathachais</i>
BELB	Belfast Education and Library Board <i>Bord Oideachais agus Leabharlann Bhéal Feirste</i>
CASS	Curriculum Advisory and Support Service <i>An tSeirbhís Chomhairleach agus Tacaíochta don Churaclam</i>
CCEA	Council for Curriculum, Examinations and Assessment <i>Comhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe</i>
CPD	Continuing professional development <i>Forbairt Ghairmiúil Leanúnach</i>
DENI	Department of Education Northern Ireland <i>Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann</i>
DEL	Department for Employment and Learning <i>An Roinn Fostaíochta agus Foghlama</i>
DES	Department of Education and Skills (formerly known as the Department of Education and Science). <i>(ROS) An Roinn Oideachais agus Scileanna (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta mar a bhí)</i>
COGG	An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta
ECHR	European Convention on Human Rights <i>An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine</i>
ELB	Education and Library Board <i>Bord Oideachais agus Leabharlann</i>
EPD	Early Professional Development <i>Luathfhorbairt Ghairmiúil</i>
ESA	Education and Skills Authority <i>An tÚdarás Oideachais agus Scileanna</i>
EWO	Educational welfare officer <i>Oifigeach Leasa Oideachais</i>
EPSEN Act	Education for Persons with Special Educational Needs Act <i>An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu</i>
GTCNI	General Teaching Council of Northern Ireland <i>Comhairle Ghinearálta Teagaisc Thuaisceart Éireann</i>
HEI	Higher Education Institution <i>Institiúid Ardoideachais</i>
ICT	Information and Communication Technology <i>Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide</i>
IEP	Individual Education Plan <i>Plean Indibhidiúil Oideachais</i>
IME	Irish-medium Education <i>(OMG) Oideachas trí mheán na Gaeilge</i>
ICEP	Institute of Child Education and Psychology
INSET	In-service training <i>Oiliúint Inseirbhíse</i>
ITE	Initial Teacher Education <i>Oideachas Tosaigh Múinteoirí</i>
ITT	Initial Teacher Training <i>Traenáil Tosaigh Múinteoirí</i>
LNI	Learning Northern Ireland <i>Foghlaim Tuaisceart Éireann</i>
NCCA	National Council for Curriculum and Assessment <i>(NCM) An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta</i>
NCSE	National Council for Special Education <i>An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta</i>
NEPS	National Education Psychological Service <i>An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais</i>
RTU	Regional Training Unit <i>Aonad Oiliúna Réigiúnach</i>
SEBD	Social, emotional and behavioural disorder <i>Neamhord Sóisialta, Mothúchánach agus Iompraíochta</i>
SEN	Special Educational Needs <i>Riachtanais Speisialta Oideachais</i>
SENCO	Special Educational Needs Co-ordinator <i>Comhordaitheoir Riachtanais Speisialta Oideachais</i>
SENCA	Special Educational Needs Classroom Assistant <i>Cúntóir Ranga Riachtanais Speisialta Oideachais</i>
SEND0	Special Educational Needs and Disability Order <i>Ordú um Shainriachtanais Oideachais agus um Mhíchumas</i>
SESS	Special Education Support Service <i>An tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta</i>

Grúpaí/daoine aonair a ndearnadh teagmháil leo

Eagrais	Organisation	Rannóg/Teagmháil	Sonraí teagmhála
ALTRAM	ALTRAM		028 9033 2517
Comhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (CCEA)	The Council for the Curriculum, Examinations and Assessment	RSO/Gaeilíochas	028 90 261200 www.rewardinglearning.org.uk/ www.nicurriculum.org.uk/
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta	COGG		01 634 0831 www.eolas@cogg.ie
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta	National Council for Special Education	Taighde SENCOS	046 948 6400 www.ncse.ie
An Chomhairle Mhúinteoireachta	The Teaching Council		1890 224 224 www.teachingcouncil.ie
An Gúm		Acmhainní	01 889 2800 angum@forasnagaeilge.ie
An tÁisaonad		Acmhainní	028 90 24 38 64 www.aisaonad.org
An Roinn Oideachais agus Scileanna	The Department of Education and Skills	RSO/ Staitisticí Traenáil/Maoiniú	www.education.ie
An Roinn Oideachais	The Department of Education (DENI)	RSO/ Staitisticí Traenáil/Atbhreithniú ar RSO	www.deni.gov.uk
Coiste Sheirbhís Shíceolaíoch Bhaile Átha Cliath	Dublin County Psychological Service Committee	Seirbhís Thacaíochta Síceolaíche	psscvec@online.ie
Coláiste Feirste		Ionad Tacaíochta don Fhoghlaim	028 9032 0707 www.colaistefeirste.com
Coláiste Phódraig, Droim Conrach	St Patrick's College, Drumcondra	RSO	01 8842000 www.spd.dcu.ie
Coláiste Mhuire gan Smál Luimneach	Mary Immaculate College, Limerick	RSO/curaclam	061 204300 www.mic.ul.ie
Coláiste Oideachais Froebel	Froebel College	RSO/curaclam	01 288 8520 www.froebel.ie
Coláiste Ollscoile Naomh Muire	St Mary's University College	RSO/ An Fhoireann Ián-Ghaeilge	028 9032 7678 www.stmarys-belfast.ac.uk
Comhairle na Gaelscolaíochta			028 9032 1475 www.comhairle.org
Comhar Náionraí na Gaeltachta			091 595337 www.comharnaionrai.com
Foras na Gaeilge		Taighde	www.forasnagaeilge.ie
Forbairt Náionraí Teo			01 853 5101 www.naionrai.ie
Gaeleagras um Shainriachtanais Oideachais (GESO)			www.gesoire.com
Líonra Phríomhoide Bunscoile Éireann	Irish Primary Principal's Network	Cúrsaí traenála	www.ippn.ie
Gaelscoileanna Teo			01 853 5195 www.gaelscoileanna.ie
Institiúid Oideachais Marino	Marino Institute of Education	RSO/curaclam	01 805 7700 www.mie.ie
ICEP Europe	Institute of Child Education and Psychology	Cúrsa traenála	www.icepe.eu
Múintearas			091 551412 www.muintearas.com
Ollscoil na hÉireann Gaillimh	Galway University	Curaclam/cúrsa traenála	091 524411 www.oegaillimh.ie
Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath			www.ucd.ie
Ollscoil na Banríona	Queen's University Belfast	Síceolaíocht Acmhainní	028 9097 5445 www.psychology@qub.ac.uk
An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Bhunscoileanna	Primary Professional Development Service		www.ppps.ie www.pcsp.ie
An tSeirbhís Tacaíochta don Dara Leibhéal	Secondary Level Support Service		http://gaeilge.sls.ie
An tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta	Special Education Support Service		1850 200 884 www.ssss.ie
An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)	National Educational Psychological Service	Straitéis nua ar son na Gaeilge/ staitisticí	01 8892700 neps@neps.gov.uk